Ina theannta sin, mar fhreagra díreach ar thionchar suntasach COVID-19 ar an earnáil tithe altranais, bunaíodh Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh (TAPS) i gcomhar le FSS agus an Roinn Sláinte i mí Aibreáin 2020 chun tacú le tithe altranais maidir le brúnna costais breise a eascraíonn as an bpaindéim. Lean an scéim seo ar aghaidh in 2022. Cuireadh Scéim Íocaíochta Sealadach Boilscithe (TIPS) i bhfeidhm in 2022 chun tacú le tithe altranais príobháideacha agus deonacha le méadaithe ar chostais fuinnimh. Riarann FSS an dá scéim agus déanann siad íocaíochtaí leis na Tithe Altranais. Riarann an CNCC an próiseas iarratais agus cuireann sé tacaíocht agus comhairle ar fáil do FSS.

Spríoc Straitéiseach 4 - “Comhairle saineolach agus tacaíocht ghaolmhar a sholáthar don Aire maidir le rochtain fheabhsaithe d’othair, tuairisciú ar liostaí feithimh agus bainistiú agus praghsáil cúraim fhadtéarmaigh.”

Lelinn 2022, lean an CNCC leis an Córas Bainistíochta Rochtana Othar (PAMS), a bhfuil gradaim bainte

amach aige, a fhorbairt chun feidhm Choimisiúnú Othair Sheachtracha na heagraíochta a bhainistiú agus chun bainistiú othar poiblí in ospidéil phríobháideacha a éascú.

I rith 2022, áiríodh ar na tionscadail shuntasacha eile a cuireadh i gcrích ná Prótacal i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha nuashonraithe agus an Tacar Sonraí Íosta gaolmhar (MDS).

Spríoc Straitéiseach 5 - “Ár ndaoine a chumhachtú, ár gcórais a neartú, agus ár gcultúr a fhorbairt chun sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach agus ár dtionchar a uasmhéadú.”

Lean an eagraíocht ag seachadadh a Straitéise agus a Plean Gníomhaíochta 2020-2022, ag fás agus ag forbairt de réir mar a chomhlíon sí a feidhmeanna nuair, agus bonneagar láidir rialachais chorparáidigh á chothabháil agus á chur i bhfeidhm aici.

CONCLUÍD

I rith 2022, thug an córas cúraim sláinte agus an náisiún aghaidh ar dhúshlán leanúnacha maidir le teacht aniar ó thionchar COVID-19. In ainneoin na ndúshlán sin, bhí go leor rath agus dul chun cinn suntasach mar thoradh ar nuálaíocht agus cleachtais oiriúnaitheacha le feiceáil sa bhliain. Bhí ról lárnach ag an CNCC san fhreagairt ar COVID-19 agus ag tacú le freagairt an FSS ar an gcibirionsaí, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag déanamh amhlaidh, agus ag an am céanna ag comhlíonadh a shainchúraimí ar mhaithe le leas na n-othar agus na ndaoine sin a dteastaíonn cónaí fadtéarmach uathu.



Sean Flood

POF Eatramhach, An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

2 MAIDIR LEIS AN gCISTE NÁISIÚNTA UM CHEANNACH CÓIREÁLA

2.1 RÉAMHRÁ AGUS SAINORDÚ

Bunaíodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 179 de 2004 - An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004.

Is iad príomhfheidhmeanna an CNCC:

1. Socruithe a chur i mbun le daoine, bíodh siad sin ina gcónaitheoirí sa Stát seo nó i dtír eile, le haghaidh cóireáil ospidéil a chur ar fail dá leithéid d'aicmí daoine de réir mar a bheartaíonn an tAire, ó am go ham;
2. Faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh ar chóireáil ospidéil a bhailiú, a thiomsú agus a bhailíochtú, agus chun córais faisnéise agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na críche sin;
3. Comhairle a thabhairt don Aire de réir mar a bhíonn gá leis, nó ar a thionscnaimh féin, ar ábhair a bhaineann lena fheidhmeanna faoin alt seo; agus
4. Aon fheidhm eile a fheidhmiú a bhaineann le ceannach cóireála ospidéil a d'fhéadfadh an tAire a shannadh dó ó am go ham.

Sa bhreis air sin, cuireadh leasú leis an Ordú Bunaithe leis an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 chun an cuspóir breise seo leanas a chur leis:
5. Socruithe a dhéanamh le duine a mheasann sé a bheith oiriúnach, agus é/í ina (h)úinéir de theach altranais, maidir leis an bpraghas ar a gcuirfear seirbhísí cúraim chónaithe fhadtréimhsigh ar fáil do dhaoine a bhfuil a leithéid de sheirbhísí de dhíth orthu, agus a bhfuil cúnamh airgeadais á fháil acu de réir an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009.

2.2 ÁR BHFÍS, MISEAN, AGUS LUACHANNA CORPARÁIDEACHA

Is í an Fhís atá againn ná go mbíonn rochtain thráthúil ag othair ar chóireálacha cuí agus go mbíonn rochtain ag na daoine sin atá i ngátar ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar phraghas oiriúnach.

Is é ár Misean tacú le rochtain tráthúil ar chúram oiriúnach trí:

- ▲ Cóireáil a eagrú d'othair
- ▲ Faisnéis faoi liostaí feithimh dearbhaithe go neamhspleách a sholáthar
- ▲ Saineolas agus tacaíocht a thabhairt don chóras sláinte
- ▲ Idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le seirbhísí tithe altranais

Tá na luachanna seo a leanas taobh thiar den obair go léir a dhéanann an CNCC:

1. Dírithe ar an Othar

"Tá meas ar an othar ag croílár gach rud a dhéanaimid."

2. Ionracas

"Coimeádaimid ár neamhspleáchas mar ghníomhaireacht reachtúil, oibrímid le mion an ionracais agus an chomhionannais agus táimid cuntasach mar is oiriúnach, agus freagrach as na cinntí a dhéanaimid."

3. Nuálach

"Táimid nuálach, sofhreagrúil, réamhghníomhach agus freagrúil inár gcuid chuide."

4. Saineolas

Is saineolaithe inár réimse sinn agus glacaimid cur chuide oibiachtúil atá bunaithe ar fhianaise i leith ár gcuid oibre."

5. Comhoibríoch

"Oibrímid i gcompháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara i spiorad comhairliúcháin agus comhoibríthe laistigh de chultúr comh-mheas ar mhaithe leo siúd a bhfuil gá acu lenár seirbhísí."

3 RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR



3.1 ÁR MBORD

Is é an tAire Sláinte a cheapann comhaltaí an Bhoird de réir Ionstraim Reachtuil 179/2004 – Ordú Bunú an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála 2004. Tá naonúr comhalta ar an mBord, agus ceapann an tAire duine acu mar Chathaoirleach.

Comhaltas an Bhoird

Don Gallagher, Cathaoirleach



Ceapadh Don Gallagher ar Bhord CNCC den chéad uair ar an 24 Márta 2021 agus ceapadh é ina Chathaoirleach ar an 2 Iúil 2021. Rinne Don bainistíocht agus d'oibrigh sé ar bhoird roinnt cuideachtaí árachais agus bainistíochta saibhris náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé ina Chomhalta Boird de Chomhairle Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais agus na bPinsean agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Árachais Sláinte go dtí le déanaí. I measc na ról a bhí aige roimhe seo bhí Leasuachtarán Sinsearach agus Stiúrthóir Bainistíochta oibríochtaí ar Canada Life Financial Corporation i gCeanada agus in Éirinn/sa Ghearmáin agus ina dhiaidh sin bhí sé ina POF ar MetLife Europe dac.

Tá M.Sc. sa Bhainistíocht ag an Uasal Gallagher ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus B.Sc. (Onóracha) Céim mhatamaitice ó Open University. Is Stiúrthóir Cairte é freisin leis an UK Institute of Directors.

Patricia Byron



Ceapadh Patricia Byron ar Bhord CNCC den chéad uair ar an 25 Bealtaine 2017. D'oibrigh Patricia mar fheidhmeannach sinsearach san earnáil árachais agus in earnáil ghaolmhar na seirbhísí airgeadais le haghaidh níos mó ná 25 bliana. Ba ise an chéad duine le bheith ina POF ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB), comhlacht stáit neamhspleách a bunaíodh chun timpeallacht chostasach um éilimh díobhálacha pearsanta a leasú. Mar Chathaoirleach ar Bhiúro Árachóirí Mótár na hÉireann, bhí sí i gceannas ar chlár athchóirithe, ag díriú ar bhunathrú gnó agus ar éifeachtúlacht.

Mar Chathaoirleach ar Chomhlachas na bPríomhfheidhmeannach ar Chomhlachtaí Stáit, ghlac sí páirt ghníomhach i roinnt tionscnamh thrasghearrtha athchóirithe san earnáil phoiblí. Soláthraíonn sí seirbhísí sainchomhairleoireachta faoi láthair agus tá sí ina Cathaoirleach INED & Iniúchóireachta do Choimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann, don Choimisiún um Rialú Cumarsáidí, don Bhord Pleanála agus don Roinn Airgeadais. Is céimí í Patricia ó COBÁC agus is Árachóir Cairte í.

Dónall Curtin (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta & Riosca)



Ceapadh Dónall Curtin ar Bhord CNCC den chéad uair ar an 24 Márta 2021. Is cuntasóir, stiúrthóir boird agus ceannaire gnó a bhfuil taithí aige Dónall, a bhfuil cúlra aige in Airgeadas, Rialachas Corparáideach, Iniúchadh agus Bainistíocht Riosca ar duine ardoilte é a bhfuil taithí fhairsing aige san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. I measc stiúrthóireachtaí Boird a bhí aige, tá Green Effects Investments plc, an Chomhairle Ealaíon, an Oifig um Sholáthar Rialtais, Coláiste na hÉireann Leuven, Luath-Óige Éireann. Bhunaigh Dónall ceann de phríomhchleachtais chuntasaíochta na hÉireann.

Ceannaire gnó fuinniúil, oilte agus ardspreagtha le cuntas teiste rathúil maidir le hathbhreithniú agus socrú a dhéanamh ar threo straitéiseach dúshlánach i raon leathan eintiteas tráchtála agus d'eintitis seachbhrabúsacha araon, bhí Dónall ina Uachtarán ar Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann, an eagraíocht ballraíochta gnó is mó sa tír, agus na ballsheomraí ag déanamh ionadaíochta ar ghnólachtaí ar fud oileán na hÉireann. Abhcóide láidir chun a chinntiú go bhfuil dea-chleachtas agus dea-rialachas corparáideach ann laistigh den seomra boird agus struchtúir ábhartha a chinntiú laistigh de ghnólachtaí chun glacadh luachanna eagraíochtúla a éascú ag gach leibhéal.

Patrick Gibbons



Ceapadh Patrick Gibbons ar Bhord CNCC den chéad uair ar an 28 Feabhra 2014. Agus é ina Atur nae, mar shlí bheatha, is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách lánaimseartha é Patrick agus freastalaíonn sé ar bhoird do sheirbhísí airgeadais, san earnáil Stáit agus ar chomhlacht trasteorann, agus ar roinnt Coistí Iniúcháireachta agus Riosca.

Roimhe sin, chaith Patrick roinnt mhaith dá ghairm ag déanamh speisialtóireachta i gcomhlíontacht dhlíthiúil agus rialála, i rialachas corparáideach agus i mbainistíocht ar rioscaí i róil shinsearacha i roinnt cuideachtaí idirnáisiúnta i seirbhísí airgeadais.

Sarah Johnson



Ceapadh Sarah Johnson ar Bhord CNCC den chéad uair ar an 3 Bealtaine 2021. Bhí Sarah ina comhpháirtí roimhe seo i gcomhlacht dlíodóirí i mBaile Átha Cliath áit a ndearna sí speisialtóireacht i gconarthaí poiblí agus i soláthar. Mar atur nae, chuir sí comhairle ar chliaint maidir lena bhfeidhmeanna reachtúla agus maidir le saincheisteanna gaolmhara dlí agus rialála, go háirithe san earnáil sláinte.

Tar éis di staidéar a dhéanamh ar an dlí i gColáiste na Tríonóide, chríochnaigh Sarah Máistreacht i nDlí an Chomhphobail Eorpaigh i gColáiste na hEorpa, Bruges. Tá Dioplóma san Idirghabháil aici ón Dlí-Chumann freisin.

An Dr Terry McWade (Cathaoirleach an Choiste um Chúram Othar)



Ceapadh an Dochtúir Terry McWade ar Bhord CNCC den chéad uair an 28 Feabhra 2014. Ceapadh Terry mar POF Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann i Lúnasa 2019. Tá sé ina POF agus ina Chomh-Bhunaitheoir de Valitacell, cuideachta Biteicneolaíochta nua. Roimhe seo bhí sé ina POF Cúnta i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, ina POF ar Exceptis Technologies, ina Phríomhoifigeach ar Ghrúpa Comhairleach Boston (Londain), agus ina POF ar Server Laboratories (an Danmhairg).

Is Stiúrthóir é san Institiúid Bhaincéireachta agus is Iar-Stiúrthóir é den Chumann um Rialachas Corparáideach in Éirinn. Roimhe sin uile bhí sé ina Leaschathaoirleach ar Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath agus ina Chathaoirleach ar an Tionscnamh Vacsaíne Eorpach. Is comhalta é ar an gCoiste Iniúcháireachta agus ar an gCoiste Clárúcháin agus Cleachtais Leanúnaigh sa Chomhairle Leighis agus is comhalta é de chuid Bhord Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire.

Tá cáilíocht ó Choláiste na Tríonóide aige sa leigheas, agus Máistreacht sa Riarachán Gnó (INSEAD), agus MSC (Eitic an Chúraim Sláinte agus an Dlí), agus Dioplóma sa Rialachas Corparáideach (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath). Tá sé ina Stiúrthóir Cairte de chuid IOD.

Donna Roche



Ceapadh Donna Roche ar Bhord CNCC den chéad uair ar an 24 Márta 2021. Tá taithí fhairsing ag Donna le breis agus 40 bliain in earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe. Ina dhá ról dheireanacha, rinne sí bainistiú ar dhá ospidéal phríobháideacha ar leith in Éirinn.

Ó 2018 i leith, tá sí ina Stiúrthóir ar Board of Cope Foundation, eagraíocht dheonach neamhbhrabúis san earnáil míchumais. Is í Leas-Chathaoirleach reatha Cope í, a toghadh i mBealtaine 2021. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Chumann Ionscópachta na hÉireann ar feadh seacht mbliana roimhe sin.

Is céimí de chuid UCC agus UCD í Donna, tá BSC aici in Altranas, MA i Riarachán Cúram Sláinte, agus MBA.

Martin Sisk



Ceapadh Martin Sisk ar Bhord CNCC den chéad uair ar an 2 Iúil 2021. Is Aturnae é Martin de réir gairme ach d'oibrigh sé don chuid is mó dá ghairm i réimse na rialála, idir airgeadais agus eile, a chlúdaíonn raon leathan earnálacha.

Bhí Martin mar Chlárathóir na gCara-Chumann ar feadh breis agus 18 mbliana agus ina dhiaidh sin i roinnt ról sinsearach i mBanc Ceannais na hÉireann ar feadh breis agus 7 mbliana.

Ó chuaigh sé ar scor go luath ón mBanc Ceannais, bhí sé ag feidhmiú i roinnt ról, lena n-áirítear, inter alia, mar Chathaoirleach ar VHI Healthcare. Níos déanaí sa dara leath de 2020 chríochnaigh Martin a théarma mar chomhalta Boird den Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).

Anne Stewart




Ceapadh Anne Stewart do Bhord an CNCC ar an 25 Bealtaine 2017. Is Ard-Rúnaí Cúnta í Anne – Ceannasaí an Bheartais um Sholáthar Poiblí, Seachadadh Seirbhíse agus Digitíú leis an Oifig um Sholáthar Poiblí. Bhí sí ina Stiúrthóir Soláthair ag Uisce Éireann roimhe seo agus tá gairmréim 30 bliain aici i Soláthar ar fud roinnt tionscal ar leibhéal Domhanda agus ar leibhéal Áitiúil araon.

Fuair Anne a cáilíocht i Soláthar ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus is ball í d'Fhoras um Cheannacht agus Bainistíocht Slabhra Soláthair na hÉireann.

3.2 COISTÍ

Tá dhá Choiste bunaithe ag Bord an CNCC, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Coiste um Chúram d'Othair.



An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Bhunaigh Bord an CNCC Coiste Iniúcháireachta agus Riosca mar Phríomhchoiste den Bhord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh.

Is í príomhfheidhm an Choiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna suntasacha tuairiscithe airgeadais agus ar bhreithiúnais a rinneadh maidir le ráitis agus tuarascálacha airgeadais an CNCC, agus athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme agus éifeachtacht a rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta (lena n-áirítear córais arna mbunú ag an mbainistíocht chun príomhrioscaí airgeadais agus oibriúcháin a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, ag cur príomhchuspóirí an CNCC san áireamh mar atá sa Phlean Straitéiseach).


An Coiste um Chúram d'Othair

Bhunaigh Bord an CNCC Coiste um Chúram d'Othair chun maoirseacht agus dúshlán a sholáthar maidir le gnéithe cáilíochta, bainistíochta riosca agus sábháilteachta cúram othar de réir mar a bhaineann le bainistiú ag an CNCC. Déileálann obair an Choiste go príomha le feidhm coimisiúnaithe na heagraíochta nuair a shocraíonn sé cóireáil ospidéil a sholáthar d'othair ospidéil phoiblí. Déanann an Coiste a dhícheall caighdeáin arda seirbhíse a leabú trí fheidhm choimisiúnta an CNCC agus ar deireadh thiar feabhas leanúnach ar cháilíocht a chinntiú i ngach gné de sholáthar seirbhíse an choimisiúin.

3.3 AN FEIDHMEANNAS

An Feidhmeannas

Tá Feidhmeannas an CNCC comhdhéanta de Phríomhfheidhmeannach a cheapann an Bord agus a fhaigheann tacaíocht ó Stiúrtóirí i gcúig réimse feidhme mar atá leagtha amach thíos.



AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

Liam Sloyan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin idir an 4 Bealtaine 2017 agus an 30 Samhain 2022



Thosaigh Liam ag obair leis an CNCC mar Phríomhfheidhmeannach in 2017. Is seirbhíseach poiblí sinsearach le taithí agus príomhfheidhmeannach gníomhaireachtaí stáit é, tar éis dó poist mar Phríomhfheidhmeannach agus Chláraitheoir an Údaráis Árachas Sláinte agus Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta a bheith aige roimhe seo. Sular thosaigh sé sa tseirbhís poiblí, d'oibrigh sé mar chomhairleoir achtúireach agus comhlíonta sa tionscal árachais.

Is Comhalta é de Chumann na nAchtúirí in Éirinn agus tá MSc aige sa Mhatamaitic agus sa Staidreamh ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Teastas Feidhmiúcháin i mBainistíocht agus ó Scoil Bainistíochta MIT Sloan. D'fhág Liam an CNCC ar an 30 Samhain 2022.

Seán Flood, Stiúrtóir Airgeadais agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 02 Iúil 2023



Thosaigh Seán Flood leis an CNCC mar Stiúrtóir Airgeadais i mí Eanáir 2018. Tá tríocha seacht bliana de thaithí oibre aige agus tá sé fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí ó 2002 i leith. In earnáil na Sláinte thug sé chun críche saincheisteanna casta ar fud réimsí beartais éagsúla agus tá cuntas teiste aige ar éachtaí suntasacha agus ar nuálaíocht mar cheannaire agus mar bhainisteoir sinsearach.

Is Comhalta é d'Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn le Máistreacht i mBainistíocht agus Feidhmchlár TF. i gCuntasaíocht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ceapadh Seán mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 02 Iúil 2023.

Eoin Darcy, Stiúrthóir TFC



D'oibrigh Eoin Darcy sa tionscal TF le breis agus 30 bliain ar fud na dtionscal rialaithe próisis, slándáil TF, cumarsáide, agus cúram sláinte. Thosaigh sé leis an CNCC mar Stiúrthóir TFC in 2018. Tá taithí fhairsing ag Eoin i bhforbairt bogearraí, i mbainistíocht tionscadail, i mbainistíocht cláir agus in oibríochtaí TF.

Rinne sé staidéar ar Innealtóireacht Leictreach/Leictreonach in ITBÁC (Ollscoil Theicneolaíoch Bhaile Átha Cliath anois) agus fuair sé B.Sc. (Innealtóireacht) agus Diplóma Onóracha i Leictreach/Innealtóireacht Leictreonach.

Alison Green, Rialachas ar an Liosta Feithimh & Stiúrthóir Athchóirithe



Thosaigh Alison Green leis an CNCC in 2016. Is saineolaí í Alison ar athrú mórcála a sheachadadh san earnáil sláinte. Le linn a 26 bliain agus í sláintiúil, bhí Alison ar thús cadhnaíochta i go leor tionscadal um phróiseas oibriúcháin agus feabhsú teicniúil a rinne difríocht maidir le conas a dhéantar othair ar liostaí feithimh in Éirinn a bhainistiú.

Tá MSc i gCeannaireacht Ghnó críochnaithe ag Alison i Scoil Ghnó Smurfit, COBÁC (2020). Go dtí seo tá BSc i mbainistíocht na Seirbhíse Sláinte (2003) agus Diplóma san Airgeadas do Bhainisteoirí Neamhairgeadais (2020) san áireamh lena cáilíochtaí acadúla.

Eamonn Horgan, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha



Tá céim Mháistreachta san Eolaíocht ag Eamonn Horgan agus cáilíochtaí iarchéime aige i ngnó agus airgeadas, rialachas corparáideach, agus acmhainní daonna. Bhí poist oibríochtaí agus bainistíochta táirgeachta aige sa tionscal príobháideach agus san earnáil phoiblí sula ndeachaigh sé leis an CNCC in 2018 mar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha.

3.4 LIMISTÉIR FEIDHME

Airgeadas, Coimisiúnú agus Cothrom na Féinne

Tá ról Stiúrthóireacht Airgeadais an CNCC cuimsithe sa ráiteas físe don CNCC *"Is í an Fhís atá againn ná go mbíonn rochtain thráthúil ag othair ar chóireálacha cuí agus go mbíonn rochtain ag na daoine sin atá i ngátar ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar phraghas oiriúnach."*

Bainistíonn an Stiúrthóireacht Airgeadais feidhm Choimisiúnaithe na heagraíochta arb í socrú cóireála ospidéal do dhaoine ar liostaí feithimh poiblí.

Bainistíonn an Stiúrthóireacht feidhm an CNCC faoin Scéim um Margadh Cóir, a bhaineann le socrúithe a dhéanamh le Tithe Altranais (427 acu san iomlán) maidir leis an bpraghas ar a soláthrófar seirbhísí cúraim chónaithe fhadtréimhsigh faoin scéim.

Tá an Stiúrthóireacht Airgeadais freagrach chomh maith as maoirseacht agus dearbhú a bhainistiú agus a sholáthar do POF agus do Bhord an CNCC maidir le hoibríochtaí airgeadais an CNCC agus maidir le gach gníomhaíocht a bhaineann le bainistíocht na feidhme airgeadais laistigh den CNCC.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Is é ról na Stiúrthóireachta um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) réitigh agus seirbhísí TF a sholáthar chun freastal ar riachtanais an CNCC. Déantar é seo a bhainistiú trí thrí fhoireann:

- 1) Anailís, Tuairisciú agus Forbairt Sonraí;
- 2) Oibríochtaí, Bonneagar agus Slándáil; agus
- 3) Cáilíocht agus Tástáil Sonraí.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as sonraí liosta feithimh othar cónaitheach, cásanna lae agus othar seachtrach a bhailiú, a chomhthiomsú agus a thuairisciú. Gintear tuarascálacha mionsonraithe do pháirtithe leasmhara a sholáthraíonn an fhaisnéis atá riachtanach do Bhainistíocht Liosta Feithimh agus do phleanáil Acmhainne agus Éileamh i ngach ceann de na hospidéal. Foilsítear Tuarascálacha an Liosta Feithimh Náisiúnta freisin ar shuíomh gréasáin an CNCC gach mí.

Áiríonn na sonraí liostaí feithimh a fuarthas ó

ospidéal an Córas Bainistíochta Rochtana Othar (PAMS) a úsáidtear chun feidhm Choimisiúnaithe na heagraíochta a bhainistiú agus cóireálacha á socrú aici agus an Córas Méadrachta Poist a úsáidtear chun feidhm bhailíochtaithe othar riaracháin na heagraíochta a chomhlíonadh.

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht TFC na seirbhísí sonraí agus anailísíochta, bonneagar TF, córais slándála, córais chumarsáide, agus seirbhísí tacaíochta TF atá mar bhonn agus mar thaca ag obair uile CNCC.

Rialachas agus Athchóiriú na Liostaí Feithimh

Bunaíodh an Stiúrthóireacht um Rialachas agus Athchóiriú NA Liostaí Feithimh (WLGR) laistigh den CNCC i mí na Bealtaine 2022 chun tacú leis an eagraíocht ceann dá príomhróil a chomhlíonadh, chun *"sonraí liostaí feithimh ospidéal a bhailiú, a thiomsú agus a bhailíochtú."* Treoraíonn Stiúrthóir WLGR an Stiúrthóireacht maidir le rialachas agus athchóiriú NA liostaí feithimh a chur chun cinn agus a chothabháil, trí thrí (3) fheidhm eagraíochtúla a oibriú agus a sheachadadh.

Feidhmeanna Eagraíochta laistigh de WLGR:

- 1) Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta (IDC)
- 2) Bailíochtú Riaracháin
- 3) Athchóiriú Liostaí Feithimh (WLR)

Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta

Bunaíodh an fheidhm um Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta (IDC) sa CNCC i mBealtaine 2013 Is é cuspóir na gclár iniúchta liostaí feithimh ospidéal phoiblí a iniúchadh chun a chinntiú go gcomhlíonann aighneachtaí sonraí liosta feithimh chuig an CNCC na riachtanais tuairiscithe náisiúnta um Thacar Sonraí Íosta (MDS) agus go gcomhlíonann cleachtais bhainistíochta liosta feithimh ospidéal prótacail náisiúnta bainistíochta liosta feithimh. Cuidíonn sé seo le dearbhú maidir le cruinneas agus iontaofacht na sonraí a chuireann ospidéal isteach.

Bailíochtú Riaracháin

I mí Mheán Fómhair 2018, ar iarratas ón Aire Sláinte, bunaíodh an fheidhm bailíochtaithe riaracháin sa CNCC. D'fhorbair agus caighdeánaíodh an fheidhm bhailíochtaithe riaracháin cláir bhailíochtaithe liosta feithimh othair chónaitheacha agus cásanna lae agus cinntíonn sé go ndéantar teagmháil go rialta le hothair ar liostaí feithimh ospidéal go

náisiúnta, atá ag feitheamh ar rochtain ar chúram ar feadh tréimhsí fada, lena fháil amach an bhfuil siad réidh nó nach bhfuil, toilteanach agus ar fáil freastal ar chúram ospidéal.

Athchóiriú Liostaí Feithimh

I mí na Bealtaine 2022 mar chuid d'athrú suntasach eagraíochtúil CNCC, rinneadh feidhm an Athchóirithe ar Liostaí Feithimh (WLR) d'Aonad na Nuálaíochta maidir le Próisis (PIU).

Tá WLR i gceannas ar obair an CNCC maidir le próisis agus córais oibríochtúla a fhorbairt agus a chothabháil i ndáil le bainistiú liostaí feithimh laistigh den NTPF, agus sa chóras sláinte níos leithne go náisiúnta. Mar thoradh ar na próisis agus na córais seo a fheabhsú beidh faisnéis othair ar ardchaighdeán níos fearr, rialachas feabhsaithe agus caighdeán náisiúnta, éifeachtúlachtaí oibríochtúla, agus cothromas rochtana.

Déanann WLR a chuspóirí a bhaint amach trí:

- ▲ Tionscadail náisiúnta agus inmheánacha CNCC a threorú agus a sheachadadh
- ▲ Cláir oibre náisiúnta a threorú agus a sheachadadh
- ▲ Athrú próisis a laghdú agus caighdeánú próisis a chur chun cinn Sainaitheint sóisialú agus smaointe nua a thástáil
- ▲ Athrú inbhuanaithe a threorú, tionchar a imirt air, a chur i bhfeidhm agus a leabú

▲ Foghlaim, saineolas agus teicnící a roinnt trí Fhoirne Uirlisí agus trí Chláir Oiliúna agus Forbartha struchtúrtha

▲ Imeachtaí Nuálaíochta na hEarnála Sláinte a óstáil agus a éascú

Seirbhísí Corparáideacha

Oibríonn an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha lena chinntiú go bhfuil oibríochtaí corparáideacha, struchtúir, próisis agus córais i bhfeidhm chun tacú leis an eagraíocht an Straitéis Chorporáideach a sheachadadh. Tá feidhmeanna ag an Stiúrthóireacht maidir le hacmhainní daonna, rialachas corparáideach, saoráidí, soláthar agus réimsí oibriúcháin eile.

Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha le hobair an CNCC agus cuireann sí eolas uirthi trí straitéisí a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht a chothú agus a chumasú do dhaoine aonair cumasacha tiomanta. Ina theannta sin, cinntíonn sé go bhfuil timpeallacht oibre chuí ann le hoifigí, áiseanna, agus trealamh oiriúnach. Tugann an Stiúrthóireacht tacaíocht bhreise d'fhoireann an CNCC trí bheartais agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus luach ar airgead a sholáthar óna caiteachas.

4 CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS GNÓTHACHTÁLACHA

4.1 CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Réamhrá

Is comhlacht corparáideach é an CNCC, ag a bhfuil feidhmeanna agus freagrachtaí mar a leagtar amach de réir Ionstraim Reachtúil 179 - An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004 agus an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009. Tá feidhmeanna na heagraíochta leagtha amach sa rannán Réamhrá agus Sainordú.

In 2019, d'fhorbair an Bord a Phlean Straitéiseach do 2020-2022. Is é cuspóir an Phlean uailmhian an CNCC a chur in iúl, a phríomhthosaíochtaí straitéiseacha do na blianta 2020-2022 a leagan amach agus iad seo a chur i láthair i bhfoirm Plean Straitéiseach. Cuireann an Plean Straitéiseach leis an Straitéis & Plean Gníomhaíochta 2017-2019.

Leagann an Plean amach cuspóirí agus gníomhaíochtaí pleanáilte na heagraíochta thar na trí bliana a léirítear sna cúig sprioc straitéiseacha ar ghlac an Bord leo.

Is iad seo a leanas spriocanna straitéiseacha an CNCC:

SPRIOC STRAITÉISEACH 1

"Cóireáil dearbhaithe cáilíochta a shocrú go héifeachtach d'othair."

SPRIOC STRAITÉISEACH 2

"Faisnéis dearbhaithe maidir le liostaí feithimh a bhailiú agus a chur ar fáil, chomh maith le faisnéis lena dtacaíonn na próisis chuí agus iniúchadh."

SPRIOC STRAITÉISEACH 3

"Idirbheartaíocht a dhéanamh ar phraghsanna inmharthana le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh i gcomhréir leis an gcúram atá againn."

SPRIOC STRAITÉISEACH 4

"Comhairle saineolach agus tacaíocht ghaolmhar a sholáthar don Aire maidir le rochtain fheabhsaithe d'othair, tuairisciú ar liostaí feithimh agus bainistiú agus praghsáil cúraim fhadtéarmaigh."

SPRIOC STRAITÉISEACH 5

"Ar bpobal a chumasú, ár gcórais a neartú agus forbairt a dhéanamh ar an gcultúr atá againn chun barr feabhais eagrúcháin a bhaint amach agus chun an tionchar atá againn a uasmhéadú."

I rith 2022, chuir an Bord tús le hobair ar Phlean Straitéiseach 2023-2025. Agus an chéad Phlean Straitéiseach á fhorbairt, tugadh faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin, le príomh-léargas ó Fheidhmeannas agus Bord an CNCC, baill foirne, páirtithe leasmhara seachtracha sa chóras cúram sláinte agus ionadaithe othar. Léireoidh an straitéis nua na comhráite seo agus beidh sí ag teacht lenár sainchúram reachtach i gcónaí. Chomh maith leis sin, aithníonn an Plean nua nach mór dúinn ár bpróisis, ár gcórais a fheabhsú go leanúnach agus ár ndaoine a chumasú chun dearscnaitheacht eagraíochtúil a thógáil. Foilsíodh Plean Straitéiseach 2023-2025 in 2023.

4.2 ACHOIMRE AR AN MÉID A BAINÉADH AMACH ÓN 1 Eanáir GO DTÍ AN 31 Nollaig 2022

I rith 2022, bhain an CNCC na nithe seo a leanas amach:

- ▲ Socraíodh 220,362 seirbhís ospidéil, lena n-áirítear:
 - o 46,834 máinliacht agus gnáthamh
 - o 173,528 comhairliúchán othar seachtrach agus diagnóisic
- ▲ Riaradh Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh (TAPS) i gcomhar le FSS agus leis an Roinn Sláinte a bheith bunaithe i mí Aibreáin 2020 chun tacú le tithe altranais maidir le brúnna costais breise a eascraíonn as COVID-19.
- ▲ Riaradh Scéim Íocaíochta Sealadach Boilscithe (TIPS), a bunaíodh in 2022 chun tacú le tithe altranais príobháideacha agus deonacha le méadaithe ar chostais fuinnimh.
- ▲ Forbairt leanúnach ar PAMS.
- ▲ Bhí comhaontuithe praghsála ag 427 teach san iomlán faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais leis an CNCC agus ba é an meánphraghas náisiúnta foriomlán a comhaontaíodh le tithe altranais ná €1,079 in aghaidh na seachtaine.
- ▲ Breis is 51 milliún taifead ar liostaí feithimh othar ó na hospidéil phoiblí a bhailiú agus a thiomsú agus breis is 25,000 tuairisc a tháirgeadh le húsáid ag ospidéil, ag an gcóras sláinte, agus ag páirtithe leasmhara eile.

- ▲ Chríochnaíodh an Clár Iniúcháireachta 2021 – ‘Cur i bhFeidhm agus Críochnú na bhFoirme Áirithinte Náisiúnta IDPP’.
- ▲ Tríd an bpróiseas bailíochtaithe riaracháin chuaigh an CNCC i dteagmháil le 590,739 othar ar liostaí feithimh náisiúnta chun a fháil amach an bhfuil rochtain fós ag teastáil uathu ar chúram a raibh siad liostaithe ina leith.
- ▲ Baineadh 120,547 othar de liostaí feithimh mar gheall ar bhailíochtú riaracháin
- ▲ An Prótacal Náisiúnta i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha 2022 forbartha agus seachadta.
- ▲ Cuireadh an Clár Oiliúna agus Forbartha um Bainistíocht ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha ar fáil ar fud ospidéal agus grúpaí ospidéal go náisiúnta.
- ▲ Oibríodh le FSS agus Grúpaí Ospidéal chun tús a chur le forbairt clár oiliúna ar líne um Bainistíocht Liosta Feithimh d’Othair Sheachtracha in HSeLand.
- ▲ Forbraíodh Tacar Sonraí Íosta Othar Seachtrach (MDS) nuashonraithe chun tacú leis an bPrótacal Náisiúnta i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha 2022.
- ▲ Lean CNCC treoir uile an Rialtais, HSA agus FSS maidir le COVID-19 a bhainistiú.
- ▲ Cuireadh samhail Cianoibre i bhfeidhm do gach ball foirne ag tús phaindéim COVID-19 agus forbairt leanúnach ar chleachtais oibre shábháilte de réir mar a d’fhill an fhoireann ar fhreastal rialta san oifig i rith 2022.
- ▲ Seachadadh 21 feachtas earcaíochta oscailte i rith na bliana.
- ▲ Cuireadh tús leis an Liosta Feithimh d’Othair Sheachtracha a bhailiú, a thiomsú agus a thuairisciú ón Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles.
- ▲ Forbraíodh an tSamhail Rialachais agus tosaíodh ag obair ar an gclár ilbhliantúil chun Tuairisciú Dea-Chleachtais (BPR) a chur i bhfeidhm.
- ▲ Baineadh toradh ar “Dhearbhú Substaintiúil” in iniúchadh Bainistíochta Cibearshlándála.
- ▲ Forbraíodh sraith tuarascálacha nua d’ospidéal agus do ghrúpaí ospidéal chun tacú leis an Tionscnamh Cáilíochta Sonraí (DQI).

5 SEACHADADH OIBRIÚCHÁIN AR AON DUL LENÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

5.1 CHUN CÓIREÁIL DHEARBHAITHE CÁILÍOCHTA A SHOCRÚ GO HÉIFEACHTACH D’OThAIR

In 2022, leithdháileadh maoiniú de €150m ar an CNCC chun aghaidh a thabhairt ar liostaí feithimh, chun cóireáil a shocrú d’othair ar liostaí feithimh othar cónaitheach, cásanna lae, scóip GI agus othar seachtrach. Fuair an NTPF maoiniú bonnlíne de €100m agus maoiniú breise aonuaire €50m mar gheall ar thionchar Covid-19 ar liostaí feithimh.

Tar éis don phaindéim tosú i mí an Mhárta 2020, ba é an tosaíocht cóir leighis a chur ar othair a bhfuil Covid-19 orthu agus ar othair eile a bhfuil géarghá leo.

San iomlán, d’eagraigh an CNCC 220,362 seirbhís cúram sláinte in 2022. Tá sonraí ar fáil i dTábla 1 thíos.

Tábla 1 – Seirbhísí Ospidéal Socraithe in 2023	
Cuntas	Líon Eipeasóid Othair
Tairiscintí a nGlactar leo & Othair ar Fionraí (máinliacht agus nósanna imeachta gan Scóip GI)	30,549
Tairiscintí a nGlactar leo & Othair ar Fionraí (Scóip GI)	16,285
Coinní OPD socraithe/Tairiscintí Glactha	106,545
Údaruithe le haghaidh Diagnóisic a Úsáideadh	66,983
Líon iomlán na nEipeasóidí Othair	220,362

Gnáthaimh Arna nEagrú


Baineann obair an CNCC le máinliachta agus gnáthaimh a shocrú do dhaoine ar liostaí feithimh poiblí. Is féidir a fheiceáil i dTábla 1 gur shocraigh an CNCC máinliacht agus gnáthaimh do 46,834 othar (16,285 Scóip GI agus 30,549 gnáthamh IPDC). Socraíodh iad seo in 20 n-ospidéal príobháideacha agus 39 ospidéal poiblí ar fud oileán na hÉireann. San iomlán, rinneadh socraithe maidir le breis is 100 cineál de ghnáthaimh leighis tríd an CNCC in 2022. Tá achoimre i dTábla 2 ar na gnáthaimh is airde ar socraíodh cóireáil ina leith.

Tábla 2	
Gnáthamh	Líon na dTairiscintí arna nGlacadh
Scóip Ghastraistéigeach	16,285
Máinliacht Catarachta	8,185
Cisteascópachtaí	3,108
Athchur Alt	2,464
Angagraim	985
Loit	1,709
Céislíneachtóimí	1182
Féitheacha Borrtha	843
Colaicisteachtóimí Laparascópacha	692
Seipteaplaistí	395
Maxillo-aghaidhe	50
Histireascópacht	447
Laparascópacht (Gínéiceolaíocht)	124
Histireachtóime abdómanach iomlán	63
Deisiú Heirne Bhléineach	548
Eile	9,754
IOMLÁN	46,834


Gluaiseachtaí Liostaí Feithimh in 2022

Is féidir tionchar bhorradh Omicron (R1, 2022) a fheiceáil sna trí chairt liostaí feithimh ghníomhacha thíos. Áirítear ar na cairteacha na huimhreacha atá ag fanacht thar 10 seachtaine le haghaidh OPD agus 12 seachtaine IPDCGI de réir amanna feithimh Sláintecare. Tá laghdú seasta tagtha ar líon na ndaoine ag feitheamh níos faide i rith na bliana do na trí (3) liosta feithimh ghníomhacha.


Cairt 1: Liosta Feithimh Othair Sheachtracha 2022



Cairt 2: Liostaí Feithimh IPDC 2022



Cairt 3: Liosta Feithimh Scóip GI 2022



5.2 EOLAS AGUS FAISNÉIS LIOSTAÍ FEITHIMH BAILÍOCHTAITHE A BHAILIÚ AGUS A SHOLÁTHAR LE TACAÍOCHT Ó PHRÓISIS CHUÍ AGUS INIÚCHADH

Tá infhaighteacht faisnéise agus tuarascálacha ar ardchaighdeán bunúsach do bhainistiú an chórais sláinte. Bailíonn, comhordaíonn, bailíochtaíonn, anailíonn agus tuairiscíonn an CNCC ar chúram sceidealta agus ar shonraí liostaí feithimh a bhailítear ó 46 ospidéal poiblí. Phróiseáil an CNCC 51.1 milliún taifead cúram sláinte san iomlán agus cuireadh os cionn 2,500 tuairisc aonair ar fáil lena n-úsáid ag FSS, ospidéal, an CNCC, an Roinn Sláinte agus páirtithe leasmhara eile. Déanann na tuarascálacha seo anailís ar shonraí liostaí feithimh agus cúraim sceidealaithe de réir raon paraiméadair, lena n-áirítear am feithimh, ospidéal, speisialtacht, agus gnáthamh.

Is gnóthas casta agus suntasach é bheith mar phríomhfhoinsé faisnéise liostaí feithimh lena mbaineann:

- ▲ Rialachas agus caighdeánú próisis bhainistíochta liostaí feithimh, lena n-áirítear trí fhorbairt prótacail agus treoir.
- ▲ Oiliúint a sholáthar do chóras na n-ospidéal maidir le liostaí feithimh a bhainistiú agus a thuairisciú.
- ▲ Forbairt agus tacú le córais TF a fhorbairt.
- ▲ Córais shlána a sholáthar chun sonraí agus tuarascálacha a aistriú chuig na hospidéal agus uathu.
- ▲ Iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ar thuairisciú sonraí in ospidéal.
- ▲ Aghaidh a thabhairt ar iomláine agus ar cháilíocht sonraí agus ag aithint agus ag tabhairt aghaidh ar aimhrialtachtaí sonraí.
- ▲ Na sonraí a fuarthas a bhailíochtú, chun a chinntiú go bhfuil na hothair ar an liosta réidh, toilteanach agus ar fáil chun rochtain a fháil ar chóireáil.
- ▲ Córais shlán a thógáil chun anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar na sonraí.
- ▲ Ag plé le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go leanann tuarascálacha ar aghaidh ag freastal ar a gcuid riachtanas agus ag freastal ar iarratais ad hoc ar fhaisnéis.
- ▲ Tuarascálacha a ghiniúint agus dearbhú cáilíochta an aschuir.

Is próiseas cothabhála, forbartha, agus feabhsúcháin leanúnacha é seo. Tá roinnt príomhfhorbairtí in 2022 leagtha amach anseo.

5.2.1 *Próisis Dhearbhaithe Fheabhsaithe a choinneáil agus a fhorbairt le haghaidh Bhailiú agus Bhainistíocht na Sonraí maidir le Liostaí Feithimh.*

I rith 2022, lean an CNCC agus FSS ag obair le chéile chun próisis, córais agus treoir a fhorbairt chun tacú le bainistiú caighdeánaithe othar ar liostaí feithimh.

5.2.1.1 *Tionscnamh Cáilíochta Sonraí (DQI)*

Féachann “Tionscnamh Cáilíochta Sonraí” an NTPF/FSS le timpeallacht a chruthú ina bhfuil cáilíocht sonraí ina fócas cumasaithe, leabaithe ag leibhéal an ghrúpa ospidéal agus ag leibhéal an ospidéal aonair. Cuireann an tionscnamh seo úinéireacht agus freagrachtaí soiléire chun cinn a spreagann samhail inbhuanaithe um fheabhsú cáilíochta sonraí.

Thacaigh an CNCC leis an tionscnamh seo le linn 2022 trí thuairisciú agus deais a sholáthar, oiliúint feasachta sonraí agus idirghabhálacha spriocdhírthe le hospidéal inar aimsíodh saincheisteanna. Mar thoradh ar an tionscnamh rinneadh go leor feabhsuithe ar mhéadrachtaí tosaíochta 2022.

5.2.1.2 *Comhláine Sonraí Cáilíocht Sonraí (DCDQ)*

Chomh maith leis an gclár DQI, coinníonn an CNCC clár um Chomhláine Shonraí Cáilíocht Shonraí (DCDQ). Déanann an clár monatóireacht agus tuairisciú agus obair leantach ar shaincheisteanna cáilíochta sonraí trasna sonraí liostaí feithimh a fhaigheann an CNCC ar bhonn seachtainiúil. Éascaíonn sé seo sonraí ardchaighdeáin a fháil ó ospidéal aonair, agus ina dhiaidh sin soláthraíonn sé foinse iontaofa faisnéise don CNCC, don Roinn Sláinte, do FSS, do Ghrúpaí Ospidéal agus d’ospidéal aonair le foinse iontaofa faisnéise maidir le planáil agus bainistiú liostaí feithimh in Éirinn.

Chomh maith leis sin, comhordaíonn an clár seo freisin tástáil na gcomhad sliocht Liosta Feithimh a fhaightear ó ospidéal tar éis uasghrádú a dhéanamh ar Chórais Riaracháin Othar (pas) nó nuashonruithe scrípte.

5.2.1.3 *Bailiú agus Tuairisciú Liostaí Feithimh a Leathnú*

I lár 2022, thosaigh an CNCC ag bailiú, ag comhthiomsú agus ag tuairisciú an Liosta Feithimh d’Othair Sheachtracha ón Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles. Lean sé seo teagmháil fhairsing leis an NMH agus tástáil a dhéanamh ar a sleachta.

5.2.2 **Bailíochtú Riaracháin ar Liostaí Feithimh**

5.2.2.1 *Bailíochtú Othair Riaracháin*

Oibríonn an CNCC go dlúth le FSS, Grúpaí Ospidéal agus ospidéal aonair chun próiseas bailíochtaithe riaracháin náisiúnta a sholáthar d’othair ar liostaí feithimh othar seachtrach, othair chónaithe nó chásanna lae. Déantar teagmháil i scríbhinn le hothair atá ar liostaí feithimh ar feadh tréimhsí fada ama le deimhniú an bhfuil siad réidh, toilteanach agus ar fáil chun teacht ar chúram. Cuirtear clúdach seoltaí féin-stampaithe ar fáil d’othair agus sonraí faoin rogha freagartha ar líne chun rannpháirtíocht a spreagadh agus chun freagra a éascú.

In 2022, mar thoradh ar chlár bhailíochtaithe rinneadh othair ar liostaí feithimh a bhailíochtú agus baineadh othair de nuair ba ghá. Tugann Tábla 1 thíos miondealú ar na hothair a bailíochtaíodh agus a baineadh de réir cineál liosta feithimh.

Table 1: Stádas Bailíochtaithe amhail an 23 Nollaig 2022		
Ráiteas deiridh bailíochtaithe 2022		
	Uimh. Othair arna mBailíochtú	Uimh. Othair arna mBaint
Othar Cónaitheach agus Cás Lae (IPDC)	66,677	11,554
Othar Seachtrach (OP)	524,062	108,993
IOMLÁN	590,739	120,547

**Baintear othair a bhaintear de liostaí feithimh OP & IPDC de réir an phróisis bainte atá leagtha amach i bPrótacal Náisiúnta Bainistíochta Liostaí Feithimh IDPP 2017 agus i bPrótacal Náisiúnta Bainistíochta Liostaí Feithimh OP 2022.*

Rinne Mazars, Iniúcháirí Inmheánacha an CNCC, iniúchadh ‘Athbhreithniú ar Bhailíochtú Liostaí Feithimh’ in 2022. Thuairiscigh an t-iniúchadh seo leibhéal dearbhaithe “Dearbhú Réasúnta”. Ar an iomlán, tá córas rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus éifeachtach i bhfeidhm.

5.2.2.2 *Méadracht Phoist*

Is é Méadracht Phoist an córas tuairiscithe um bhailíochtú riaracháin uathoibríthe a úsáideann an CNCC. In 2022 ceannaíodh ceadúnais ospidéal Méadracht Phoist a chuir ar chumas ospidéal phoiblí a bhí rannpháirteach i gclár bhailíochtaithe liostaí feithimh an CNCC rochtain a fháil ar fhaisnéis bailíochtaithe ar leibhéal othar i bhfíor-am. Soláthraíonn freisin an córas infheictheacht d’ospidéal cén chéim ag a bhfuil comhfhreagras an othair s.é. priontáil, pacáil, postáil, chomh maith le freagraí othar ar bhailíochtú agus cóipeanna dá gcomhfhreagras.

Ag deireadh 2022 cuireadh rochtain Mail Metrics i bhfeidhm i 42 ospidéal, agus 412 úsáideoir.

5.2.2.3 *Rogha Uathfhreagartha Othair Ar Líne (POLAR)*

Tugann an rogha Freagairt Uathoibríthe Ar Líne Othar (POLAR) deis d’othair atá rannpháirteach i mbailíochtú riaracháin freagra a thabhairt ar a litir bhailíochtaithe ar líne. Tríd an bpróiseas seo a chumasú le glacadh ar líne, soláthraítear modh freagartha malartach agus bailíochtú níos éifeachtúla ó thaobh ama de ar na liostaí feithimh reatha.

In 2022, d’fhreagair 56% d’othar a d’fhreagair comhfhreagras bailíochtaithe ar líne trí úsáid a bhaint as POLAR.

5.2.3 Clár Iniúchta agus Cáilíochta Sonraí a Fhorbairt agus a Sheachadadh

I 2022 áiríodh ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí chlár Iniúchta agus Dearbhú Cáilíochta an CNCC (AQA) agus ar Chlár Comhláine Sonraí Cáilíochta Sonraí (DCDQ):

5.2.3.1 Críochnú an Clár Iniúchóireachta 2021 – ‘Cur i bhFeidhm agus Críochnú na bhFoirme Áirithinte Náisiúnta IDPP’

Rinneadh Clár Iniúchóireachta 2021 a sheachadadh in dhá chéim (2):

Céim 1 – sa chéad chéim den iniúchadh baineadh úsáid as suirbhé Iniúchta chun 12 ospidéal a shainaithint le haghaidh cian-iniúchta.

Céim 2 – ba é an dara céim den iniúchadh ná cian-iúchadh iargúlta ar 12 ospidéal chun comhlíonadh ‘Cur i bhFeidhm agus Comhlánú na Foirme Áirithinte Náisiúnta IDPP’ a rinneadh idir R2 agus R4 de 2021 a mheas.

Mar gheall ar an gcibirionsaí a tharla ag deireadh mhí na Bealtaine 2021, bhí moill sé (6) seachtaine ar an sceideal iniúchta. Críochnaíodh an tuarascáil fhorléargais Iniúchta deiridh don chlár seo agus eisíodh í chuig príomhpháirtithe leasmhara faoi dheireadh R1 2022.

5.2.3.2 Athbhreithniú & Anailís ar Fhionraí IPDC a cuireadh ar ais sa chomhad sliochta chuig an CNCC le tréimhsí fionraí níos faide ná 3 mhí

Ba é cuspóir an athbhreithnithe fionraí a dheimhniú go ndearnadh othair a chatagóirí i gceart ar an liosta feithimh agus a chinntiú gur gabhadh stádas iomchuí liosta feithimh na n-othar chun críoche tuairiscithe náisiúnta. Ina theannta sin, féachadh leis an athbhreithniú freisin, laistigh de raon feidhme an athbhreithnithe, le cruinneas agus bailíocht na gcúiseanna fionraí a cuireadh ar ais sa chomhad sliochta chuig an CNCC a chinneadh. Ba é fócas an athbhreithnithe othair ar liosta feithimh an IPDC le tréimhsí fionraí níos mó ná 3 mhí. Bhí dhá aidhm ag an athbhreithniú, i.e. comhpháirt sheachtrach ina raibh othair ar fionraí gan CAN’na CNCC, agus comhpháirt inmheánach, ar cuireadh a bhfócas ar othair ar fionraí le CAN’na CNCC.

5.2.3.3 Sainaithint agus athbhreithniú ar ‘Ghnáthaimh Phleanáilte’ féideartha Othar Cónaitheach agus Cás Lae (IPDC) ar ais ar an ‘Liosta feithimh’ (WL) i gcomhaid sliochta chuig an CNCC

Bhí dhá aidhm ag fócas an athbhreithnithe. Áiríodh i gCuid 1 den athbhreithniú seacht dtéarma/frása déag sainaitheanta a shainaithint agus a athbhreithniú sa réimse um thuairisc téacs saor ó ghnáthamh a cuireadh ar ais faoin ‘liosta feithimh’ sna comhaid sliocht chuig an NTPF, rud a d’fhéadfadh ‘gnáthamh pleanáilte’ féideartha a léiriú. Ba é cuspóir an athbhreithnithe a fháil amach leis na hospidéal an raibh na ‘gnáthamh pleanáilte’ féideartha liostaithe go cuí ar liosta feithimh an IPDC.

Ba ann de Chuid 2 den athbhreithniú a fháil amach an ndearnadh othair ionscópachta agus cisteascópachta GI aitheanta a cuireadh ar ais le dátaí táscaha faoi ‘liosta feithimh’ IPDC sa chomhad sliochta chuig an CNCC a chatagóirí agus a sheoladh ar ais ar an gcineál liosta ceart. Ba é an cuspóir a bhí leis ná a chinntiú go mbeadh rochtain ag na hothair seo ar chúram agus ar chóireáil sna frámaí ama cliniciúla cuí de réir phrótocal náisiúnta IDPP 2017.

5.2.3.4 Meastóireacht Staitistiúil ar Neamhrialtachtaí (SEI)

Úsáideann an CNCC próiseas Meastóireachta Staidrimh Neamhrialtachtaí (SEI) chun gluaiseachtaí suntasacha agus aimhrialtachtaí laistigh de shonraí seachtainiúla a fhaightear ó ospidéal a aibhsiú. Aithnítear agus ceistítear gluaiseachtaí gan choinne laistigh de thaifid liostaí feithimh othar seachtrach, othar cónaitheach, cás lae, scóip GI nó gnáthamh pleanáilte. Ní chuirtear ach gluaiseachtaí fíoraithe agus ceadaithe isteach i mbunachar sonraí Chlár Cóireála na nOthar (PTR).

I rith 2022, fuarthas 23 atreorú SEI, agus rinneadh imscrúduithe. Bhain atreoruithe le raon saincheisteanna a sainaithníodh trí anailís sonraí agus/nó athbhreithnithe ar phróisis oibriúcháin.

I measc cuid de na saincheisteanna a imscrúdaíodh bhí:

- ▲ Bailiú roinnt speisialtachtaí ar liostaí feithimh OP agus IPDC agus iad a thabhairt ar ais chuig an CNCC le haghaidh tuairiscithe náisiúnta.

- ▲ Cuireadh atreoruithe dúbáilte ar chomhaid sliochta de liostaí feithimh OP ar ais chuig an CNCC le haghaidh tuairiscithe náisiúnta.
- ▲ Moill shuntasach maidir le hatreoruithe a chur leis an liosta feithimh OP agus IPDC.
- ▲ Prótacal náisiúnta OP a chomhlíonadh maidir le hothair a chur ar fionraí.
- ▲ Othair a fhaigheann rochtain ar chúram thar dhá shuíomh inar cuireadh othair ar ais chuig an NTPF ar liostaí feithimh OP agus IPDC araon.
- ▲ Othair a aistriú ó ospidéal amháin go hospidéal eile, i gcás nár cuireadh othair le liosta feithimh an ospidéil ghlacktha.
- ▲ Othair nach bhfuil ar liosta feithimh OP ar an dáta bailíochtaithe cuí toisc nár cuireadh atreoruithe othar nua leis an liosta feithimh nó nár clibeáladh iad ar iontrálacha liostaí feithimh atá ann cheana.
- ▲ Códú gnáthaimh ICD10-AM do liosta feithimh IPDC i gcás inar sannadh cóid mhícheart gnáthaimh d’othair.

5.2.4 Córais shlána a choinneáil i gcomhréir le riachtanais rialála le haghaidh bhailiú agus stóráil shonraí na n-othar.

Is ardtosaíocht don CNCC é líonra slán agus láidir a chothabháil agus mar sin de rinneadh uasghráduithe éagsúla ar an ngréasán le linn 2022.

5.2.4.1 Slándáil Líonra

Úsáideann an CNCC roinnt uirlisí slándála bogearraí chun ár mbonneagar a chosaint agus chun seirbhísí tríú páirtí a úsáid chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcosaint seo. Tá na huirlisí cumraithe chun cosaint a sholáthar ag sraitheanna éagsúla dár mbonneagar, lena n-áirítear scanadh imlíne, tástáil treá, paisteáil, criptiú gairis agus cosaint pointe deiridh.

Rinne Mazars, Iniúcháirí Inmheánacha an NTPF, iniúchadh cibearshlándála i Ráithe 4 de 2022. Thuairiscigh an t-iniúchadh seo leibhéal dearbhaithe “Dearbhú Substaintiúil” maidir le cosaint Chórais Faisnéise an CNCC.

5.2.4.2 Slándáil Faisnéise

Faigheann fostaithe oiliúint fhoirmiúil ar Fheasacht ar Shlándáil Faisnéise agus ar Fheasacht RGCS agus iad ag dul isteach san eagraíocht, áit a leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cibear-aireachas agus cosaint sonraí a choinneáil. Faigheann gach ball foirne oiliúint athnuachana fhoirmiúil bhliantúil sna réimsí seo freisin.

Chun cur leis an oiliúint ar an láthair, déanann an CNCC oiliúint fhairsing cibearfheasachta trína gcríochnaíonn gach ball foirne nó conraitheoir cúrsa oiliúna seachtainiúil ar líne atá saincheaptha dá riachtanais oiliúna aonair. Déanann an NTPF insamhaltaí fiosaiceachta rialta freisin agus eisíonn sé feasacháin maidir le cibearshlándáil trí chainéal tiomnaithe Teams.

Fuarthas agus cuireadh córas ríomhphoist slán nua i bhfeidhm in 2022. Cinntíonn an córas nua seo slándáil ó cheann go ceann sonraí pearsanta othar a sheoltar ó NTPF chuig ospidéal chomhpháirtíochta.

5.2.5 Córais Fheabhsaithe a Fhorbairt le haghaidh Chomhtháthú, Anailisiú agus Thuairisciú na sonraí maidir le liostaí feithimh.

5.2.5.1 Prótacal Náisiúnta i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha 2022

Chuir an Roinn Sláinte de chúram ar an CNCC Prótacal i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha athnuaithe a fhorbairt. Is é scóip an phrótacail díriú ar na bunghnéithe a bhaineann le bainistiú oibríochtúil “Othair Nua” ar Liosta Feithimh d’Othar Seachtrach

I mí Aibreáin 2022, cuireadh an Prótacal Náisiúnta i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha 2022 i bhfeidhm go náisiúnta. Chun tacú leis an bprótacal nua seo, d’fhorbair an NTPF

doiciméad Tacar Sonraí Íosta (MDS) nuashonraithe freisin. Áiríodh leis an bhforbairt comhairliúchán le gach ceann de na díoltóirí agus riarthóirí an Chórais Riaracháin Othar (PAS).

Cuirfear tús le tionscadail forbartha agus bonneagair chun an MDS nua a chur i bhfeidhm go luath in 2023.

5.2.5.2 Athnuachan ar Phrótacal Náisiúnta i leith Ghnáis do Liosta i bhFeithimh atá Beartaithe maidir le Cásanna Othar Lae Cónaitheach

De réir phlean straitéiseach CNCC 2020-2022 agus Phlean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh 2022, cuireadh de chúram ar an CNCC athbhreithniú/athnuachan a dhéanamh ar Phrótacal Náisiúnta i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh Othar Cónaitheach, Cás Lae, Gnáthaimh Phleanáilte (IDPP) 2017. Cuireadh tús leis an obair i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus tá prótacal athnuaite le seachadadh in 2023.

5.2.5.3 Tacú le hoiliúint ar bhainistiú agus ar thuairisciú liostaí feithimh

In 2022, forbraíodh an clár Oiliúna agus Forbartha i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d'Othair Sheachtrach bunaithe ar mhúnla cumaiscthe d'idirghníomhaíocht fhíorúil agus duine le duine, le hábhar físe tacaíochta ar fáil ar shuíomh Gréasáin NTPF agus rolladh amach go náisiúnta é.

Oibríonn an NTPF le FSS chun clár oiliúna ar líne a fhorbairt agus a sheachadadh d'fhoireann ospidéal atá ag obair ar bhainistiú othar ar liostaí feithimh. In 2022, cuireadh tús le hobair ar Chlár Oiliúna ar líne a fhorbairt le haghaidh bainistíochta ar liostaí feithimh d'othair sheachtracha ar shuíomh gréasáin HSeLand. Tá an obair seo le bheith críochnaithe go luath in 2023.

5.2.5.4 Tuairisciú Feabhsaithe ar Liostaí Feithimh

Rinne CNCC na feabhsuithe seo a leanas ar thuairisciú Liostaí Feithimh Náisiúnta i rith 2022:

- ▲ Feabhsuithe ar na tuarascálacha seachtainiúla um Anailís ar Liostaí Feithimh a sheachadtar chuig ospidéal.
- ▲ Sracfhéachaint a thabhairt ar tháblaí achoimre ag barr gach tuarascála foilsithe chun gur féidir na hiomláin fhoriomlána a fheiceáil.
- ▲ Sraith tuarascálacha nua a fhorbairt chun tacú leis an Tionscnamh Cáilíochta Sonraí (DQI).
- ▲ Tuarascálacha nua a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne na spriocanna agus na réamh-mheastachán atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh (WLAP).

5.2.6 Córais agus uirlisí feabhsaithe próisis atá inbhuanaithe agus comhtháite a fhorbairt.

Lean an CNCC lena chuid oibre chun uirlisí agus córais chomhtháite feabhsaithe próisis a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh chun tacú le próisis inmheánacha an CNCC agus an córas sláinte níos leithne i mbainistíocht othar atá ag feitheamh le rochtain ar chúram in ospidéal phoiblí. Sonraítear thíos cuid de na córais agus uirlisí a seachadadh in 2022.

5.2.6.1 Córas Bainistíochta ar Rochtain Othar (PAMS)

In 2019 dhear, d'fhorbair agus chuir an CNCC Córas Coimisiúnaithe CNCC ar a dtugtar PAMS ar fáil. Cabhraíonn PAMS le bainistiú othar ar liostaí feithimh othar cónaitheach, cásanna lae agus gnáthamh pleanáilte atá ag glacadh páirte i dtionscnamh Coimisiúnaithe an CNCC. In 2021, leathnaíodh PAManna chun Coimisiúnú Othar Seachtrach a áireamh.

Le linn 2022, feabhsaíodh PAMS trí úsáid a bhaint as samhail feabhsúcháin leanúnaigh/forbartha leanúnaí (CI/CD) le gnéithe agus feabhsuithe nua.

5.2.6.2 PAMS – Bailíochtú Cliniciúil Ionscópachta

Forbraíodh aip nua atá bunaithe ar shamhail PAManna in 2022 chun tacú le Bailíochtú Cliniciúil othar ionscópachta atá ag fanacht ar liosta feithimh náisiúnta Scóip Gl. Forbraíodh an Aip i Ráithe 1 2022 agus seoladh í i mí Aibreáin 2022. Faoi dheireadh na bliana, bhí 3,829 othar san iomlán bailíochtaithe go cliniciúil ar fud 15 suíomh ospidéal.

5.3 IDIRBHEARTAÍOCHT A DHÉANAMH AR PHRAGHSANNA INMHARTHANA LE HAGHAIDH CÚRAIM FHADTÉARMAIGH I GCOMHRÉIR LEIS AN GCÚRAM ATÁ AGAINN

5.3.1 Scéim Tacaíochta Tithe Altranais

Is é ról an CNCC maidir leis an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais chun idirbheartaíocht a dhéanamh le húinéirí na dtithe altranais príobháideacha agus deonacha agus chun socruithe a dhéanamh leo maidir leis na praghsanna uasta a d'fheadfaí a ghearradh faoin Scéim.

Tá sé luaite in Alt 40 den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009:

“Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, trí fhógra i scríbhinn duine a cheapadh chun idirbheartaíocht a dhéanamh le daoine atá i mbun an ghnó de thigh banaltrais a réachtáil chun críocha comhaontú a bhaint amach mar a thagraítear dó sa sainmhíniú ar thigh banaltrais faofa.”

Ainmníodh an CNCC mar an duine corparáideach sin. Tá foráil san Acht freisin maidir le scrúdú a dhéanamh ar thaifid agus ar chuntais na dtithe altranais rannpháirteacha:

“Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, is féidir an Bord scrúdú a dhéanamh ar thaifid agus ar chuntais de chuid tigh altranais atá faofa nó de chuid tigh altranais ina bhfuil sé beartaithe ag an úinéir socruithe a chur i bhfeidhm de réir na scéime.”

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil ról an CNCC teoranta do phraghsanna a chaibidil le dílseánaigh tithe altranais príobháideacha agus deonacha. Is í FSS atá freagrach as riar na scéime, as costais na dtithe altranais poiblí, as próiseáil na n-iaratas agus as bainistíocht ghinearálta ar an maoiniú faoi Scéim um Margadh Cóir.

Déantar socruithe praghsála le tithe altranais príobháideacha, ar mian leo a bheith san áireamh leis an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais, a chur go foirmiúil i scríbhinn i nGníomhas Comhaontaithe idir an CNCC agus úinéir(i) an tí altranais.

Is é cuspóir an CNCC praghas a chomhaontú le gach teach altranais a thairgeann luach ar airgead don Stát ag féachaint do na critéir seo a leanas:

- na costais a thabhaíonn an teach go réasúnach agus go stuama agus fianaise ar luach ar airgead;
- praghas/praghsanna a gearradh roimhe seo;
- praghas an mhargaidh áitiúil; agus,
- srianta buiséadacha agus an oibleagáid a chuirtear ar an Stát chun na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Is leis an teach altranais ar leith a bhíonn an idirbheartaíocht (seachas idirbheartaíocht chomhchoiteann le comhlacht ionadaíoch).

Ag deireadh 2022, bhí 427 dteach altranais tar éis comhaontuithe praghsála a shocrú leis an CNCC agus b'ionann an meánphraghas náisiúnta foriomlán a comhaontaíodh leis na tithe altranais agus €1,079 sa tseachtain. B'ionann sin agus méadú de 3.5% ar an bhfigiúr céanna do dheireadh 2021, arbh ionann é sin agus €1,042 le haghaidh 435 theach altranais.

Is mian linn aitheantas a thabhairt don ghairmiúlacht agus don chúirtéis a léirigh dílseánaigh tithe altranais dár n-ionadaithe le linn caibidlíochta praghsála.

5.3.2 Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh (TAPS)

I gcéimeanna tosaigh na paidéime, bhí bearta práinneacha ag teastáil chun tacaíocht a sholáthar do thithe altranais maidir leis na brúnna costais breise a eascraíonn as COVID-19. D'oibrigh an CNCC go dlúth le FSS agus leis an Roinn Sláinte agus chuaigh sé i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun comhairle a thabhairt maidir le dearadh agus bunú Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh. Fógraíodh an Scéim i mí Aibreáin 2020. Amhail deireadh 2022, ceadaíodh 8,896 éileamh arbh fhiú €146.3m san iomlán iad go dtí seo le hóc le tithe altranais faoin scéim.

5.3.3 Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach (TIPS)

Cuireadh an Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach i bhfeidhm, Dé hAoine, an 11 Samhain agus cuireadh na chéad íocaíochtaí do thithe altranais in iúl do FSS ar an Déardaoin, an 17 Samhain. Chlúdaigh an Scéim an tréimhse ó Iúil 2022 go Nollaig 2022 ar dtús. Lean cur i bhfeidhm na Scéime togra CNCC maidir le costais bhoilscithe a d'iarr an Roinn agus a cuireadh faoi bhráid na Roinne. Amhail deireadh mhí na Nollag, cuireadh €0.8m san iomlán i leith 326 éileamh in iúl le haghaidh íocaíochta le FSS. Riarann FSS na scéimeanna a luaitear thuas agus déanann siad íocaíochtaí le Tithe Altranais. D'iarr an Roinn Sláinte go gcuirfeadh an CNCC tacaíocht agus comhairle ar fáil, lena n-áirítear maidir le riar na Scéime.

5.4 COMHAIRLE SAINEOLACH AGUS TACAÍOCHT GHAOLMHAR A SHOLÁTHAR DON AIRE MAIDIR LE ROCHTAIN FHEABHSAITHE D'OTHAIR, TUAIRISCIÚ AR LIOSTAÍ FEITHIMH AGUS BAINISTIÚ AGUS PRAGHSÁIL CÚRAIM FHADTÉARMAIGH

Tá an CNCC gafa ar fud an chórais sláinte chun comhairle saineolach agus tacaíocht ghaolmhar a sholáthar d'fhonn feabhas a chur ar eispéiris na ndaoine a úsáideann an córas. Áirítear air sin:

- ▲ Rannpháirtíocht ar fud an chórais sláinte;
- ▲ Comhairle a thabhairt maidir le bainistiú liostaí feithimh agus prótacail ghaolmhara, agus córais oibriúcháin a ullmhú;
- ▲ Comhairle a chur ar fáil maidir lena ról san earnáil chúram cónaitheach fadtéarmach;
- ▲ Oiliúint agus faisnéis a sholáthar;
- ▲ Faisnéis ghnó a sholáthar; agus
- ▲ Réitigh teicneolaíochta a thógáil.

5.4.1 Rannpháirtíocht ar fud an Chórais Sláinte

Tá an CNCC i gceannas ar roinnt fóram a bhaineann le cúram sceidealaithe agus liostaí feithimh agus glacann sé páirt iontu.

5.4.1.1 Grúpa Oibre Náisiúnta Ionscópachta

Is é cuspóir an Ghrúpa Oibre Náisiúnta Ionscópachta ná forbairtí seirbhíse san Ionscópacht a chur chun cinn agus a thiomáint ar fud na ngrúpaí ospidéal go léir. Áirítear leis seo caighdeánú an tuairiscithe náisiúnta ar fud an CNCC agus Aonad Faisnéise Gnó (BIU) an FSS d'othair atá ar liostaí feithimh le haghaidh ionscópachta ar an drólann práinneach. Cuireann an Grúpa seo fóram ar fáil freisin chun réimsí eile de thuirisciú ionscópachta ghastraistéigeach (GI) a scrúdú agus a phlé níos mine.

5.4.1.2 Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Raideolaíochta

Is é cuspóir an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta Raideolaíochta forbairt Liosta Náisiúnta Fanacht Raideolaíochta a chur chun cinn as a bhfoilseofar sonraí liosta feithimh raideolaíochta sa deireadh.

Mar chuid de thionscadal píolótach leanúnach, bailítear sonraí liosta feithimh raideolaíochta anois ó 43 ospidéal poiblí, déantar iad a phróiseáil agus a thuirisciú don Roinn Sláinte, FSS, Grúpaí BIU agus Ospidéal ar bhonn ráithiúil. Faigheann an CNCC sonraí le haghaidh ceithre mhódúlacht: Tomagrafaíocht Ríomhairithe (CT), ultrafhuaime (US), Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh (MRI) agus Scan Ultrafhuaime Soithíoch (VUS).

Toisc gur tionscadal píolótach é seo, níl na sonraí bailíochtaí ná oiriúnach le foilsiú ar an mbealach céanna le sonraí liosta feithimh an ospidéal a d'fhoilsigh an CNCC.

5.4.1.3 An Fóram Náisiúnta um Liostaí Feithimh

Bhunaigh an CNCC an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Othar Cónaitheach, Cásanna Lae agus Gnáthaimh Pleanáilte in 2016. Is é cuspóir an ghrúpa cur le agus tacú le hobair a bhaineann le feabhsúcháin próisis

oibriúcháin agus nuálaíocht i mBainistiú Liosta Feithimh othar cónaitheach, cásanna lae agus gnáthamh pleanáilte.

In 2022, le comhaontú bhaill an ghrúpa, leathnaíodh sainchúram an ghrúpa seo chun Bainistíocht ar Liostaí Feithimh Diagnóiseacha Othar Seachtrach agus Raideolaíochta a áireamh. Rinneadh athbhreithniú ar ainm an ghrúpa agus ar Théarmaí Tagartha agus tugtar an Fóram Náisiúnta um Liostaí Feithimh ar an ngrúpa anois.

Áirítear ar chomhaltaí an ghrúpa ionadaithe ó Oibríochtaí Géarmhíochaine, FSS, an Roinn Sláinte, Grúpaí Ospidéal agus saineolaithe ábhar an CNCC.

Reáchtáladh 3 chruinniú in 2022.

5.4.1.4 Ceardlann Othar Cónaitheach, Cás Lae agus Gnáthamh Pleanáilte (IDPP)

Ar an 21 Meán Fómhair 2022, d'óstáil agus d'éascaigh an CNCC ceardlann IDPP in Óstán Ashling le hionadaithe agus le ceannairí cúraim sceidealaithe ón Roinn Sláinte, FSS, Grúpaí Ospidéal agus ospidéal aonair. Ba é cuspóir an imeachta forbairt Phrótacal IDPP a phlé, faisnéis a bhailiú agus aiseolas a sholáthar chun tacú leis an bPrótacal IDPP athnuaithe a bhfuiltear ag súil leis in 2023.

5.4.2 Comhoibriú le hOllscoileanna agus Comhpháirtithe Taighde

Tá an CNCC tiomanta d'oibriú le comhpháirtithe acadúla agus taighde ar bhonn leanúnach chun feabhsuithe ar chúram sceidealta a aithint agus a chur i bhfeidhm.

5.4.2.1 Tionscnamh Litir Níos Fearr – Taighde ar Chomhfhreagras Othair Sheachtracha

Mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Litir Níos Fearr ar othair a fhreastalaíonn ar choinne eisothar, lean an CNCC ag obair leis an bhFoireann Taighde, an Roinn Sláinte agus Ospidéal Ginearálta an Náis. Leithdháileadh maoiniú ar an tionscadal seo ón gCiste Nuálaíochta Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le húsáid chun córais a uasghrádú in Ospidéal Ginearálta an Náis, go háirithe chun bailiú uathoibrithe sonraí a bhaineann leis an taighde a éascú.

Déanfar monatóireacht mar phríomhtháscairí feidhmíochta ar an tionchar ar othair nach bhfreastalaíonn ar choinní (“DNAs”) agus ar rannpháirtíocht othar. Nuair a shaináithnítear Litir Níos Fearr déanfar í a mholadh agus a rolladh amach chuig ospidéal ar fud na tíre.

Cuireadh tús le tástáil ar litir athdheartha in Ospidéal Ginearálta an Náis in 2022, le sampla de 10,000 litir ag teastáil ó Fhoireann Taighde na Roinne Sláinte chun an taighde a éascú.

5.4.2.2 Tuairisciú Cleachtais (BPR) is Fearr

Cuireadh struchtúr tuairiscithe an CNCC don bhunchlár Cóireála Othar (córas tuairiscithe Liosta Feithimh Othair Sheachtracha Náisiúnta, Othar Cónaitheach, Cásanna Lae agus Gnáthamh Pleanáilte) a bhí mar bhonn eolais ag athbhreithniú litríochta a rinneadh in 2004. Níl aon athrú bunúsach tagtha ar an sásra bailithe agus tuairiscithe reatha ó shin i leith. Dá réir sin, choimisiúnaigh an eagraíocht athbhreithniú neamhspleách breise ar an sásra bailithe agus tuairiscithe a chuir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar fáil in 2019.

Cuireadh an tuarascáil deiridh dar teideal “Dea-Chleachtais a Aithint i dTuairisciú Ama Feithimh agus Liostaí Feithimh, tar éis Meastóireacht eimpíreach ar Mhúnlaí Tuairiscithe ó 20 Dlíne Idirnáisiúnta Shamplach” faoi bhráid an Aire Sláinte in 2019 agus bhí an CNCC agus an Roinn Sláinte i mbun na tuarascála in 2020.

Le linn 2021, dheimhnigh an Roinn Sláinte gur mhaith leo tús a chur le hobair ar an Tionscadal Liosta Feithimh Diagnóiseach Raideolaíochta agus go n-aithníonn siad é mar phríomhchumasóir chun moltaí an pháipéir Dea-Chleachtais i dTuairisciú (BPR), a choimisiúnaigh an CNCC, a sheachadadh.

In 2022, chuir NTPF tús le bunú na bhfoirne BPR, ag tacú le struchtúr tionscadail, plean tionscadail agus táirgí insoláthartha sainaitheanta. Tá rannpháirtíocht fhorleathan tras-rannach idir na foirne TFC agus Athchóirithe i gceist leis an gclár oibre seo.

5.5 ÁR NDAOINE A CHUMHACHTÚ, ÁR GCÓRAIS A NEARTÚ, AGUS ÁR GCULTÚR A FHORBAIRT CHUN SÁRMHAITHEAS EAGRAÍOCHTÚIL A BHAINT AMACH AGUS ÁR DTIONCHAR A UASMHÉADÚ

5.5.1 Daoine agus Struchtúir

Chun feidhmeanna an NTPF a chomhlíonadh, braitheann an eagraíocht ar cháilíocht, ar thaithí, ar eolas agus ar thiomantas ár bhfoirne agus ar chultúr láidir rialachais agus cuntasachta.

Ag deireadh 2022 bhí smachtbhanna Aireachta ag an CNCC do 87 ball foirne, méadú de 20 i rith na bliana. Cuimsíonn na poist bhreise ceadaithe feidhmeanna na heagraíochta a thacaíonn le gníomhaíocht choimisiúnaithe mhéadaithe agus dearbhú cáilíochta, próisis bhailíochtaithe chaighdeánaithe, feidhm bhailithe agus tuairiscithe sonraí agus riarachán. San áireamh freisin sna poist nua-cheadaithe seo tá acmhainní a theastaíonn chun obair bhreise a dhéanamh i réimsí Diagnóisic Raideolaíochta, Othair Sheachtracha, agus Othair Chónaitheacha agus Cásanna Lae, dea-chleachtas i dtuairisciú am feithimh agus liostaí feithimh (“ Samhail Tuairiscithe Dea-Chleachtas”), a pléadh níos luaithe sa Tuarascáil seo. Aithníonn agus is mór ag an CNCC tacaíocht na Roinne Sláinte agus a cuid oifigeach lead an gcead riachtanach a fháil do na poist seo agus an vóta muiníne a léiríonn sé seo in obair an CNCC.

5.5.2 Rialachas

5.5.2.1 An Cód Cleachtas um Rialachas Corparáideach

Coinníonn an CNCC Cód Cleachtas le haghaidh an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála a Rialú bunaithe ar an “gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú’ (2016)” nuashonraithe arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Oibríonn Seirbhísí Corparáideacha leis na Stiúrthóireachtaí eile d’fhonn comhlíonadh an Chóid a áirithiú.

Comhlíonann an CNCC an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) i leith 2022.

5.5.2.2 Cairt um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

In 2021, chuir CNCC tús le hathbhreithniú ar a Chairt um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Foilsíodh an Chairt athbhreithnithe um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí i mí an Mheithimh 2022 agus leagtar amach inti gealltanais an CNCC seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar ar bhealach éifeachtúil agus cúirtéiseach. Mura gcomhlíonann an CNCC nó ár bhfoireann na caighdeáin atá leagtha amach againn dúinn féin, leagtar amach sa Chairt nós imeachta trínar féidir gearáin nó aiseolas a chur isteach.

5.5.2.3 Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an CNCC san áireamh le hIonstraim Reachtuil Uimh. 672 de 2005 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí. Is poist fhorordaithe iad Comhaltaí Bhord an CNCC agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóir Airgeadais faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.

5.5.2.4 Nochtadh faoi Chosaint

De réir Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe agus á gcoimeád ag an CNCC d’fhostaithe reatha nó iarfhostaithe ag gach leibhéal, gníomhaireacht nó conradh, imní a ardú maidir le héagóir, cleachtas mhídhleathacha nó iompar mí-eiticiúil a tháinig faoina c(h)uid oibre. Cuireadh faisnéis i scríbhinn maidir leis na nósanna imeachta sin ar fáil do na fostaithe uile.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 in 2022 (náid in 2021).

5.5.2.5 Cearta an Duine agus Comhionannas

De réir Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá nósanna imeachta bunaithe agus coinnithe ag an CNCC chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí an NTPF a chosaint, daoine a dtéann a bheartais i bhfeidhm orthu agus daoine atá fostaithe ag an eagraíocht. Maidir le 2022 ní dhearnadh aon nochtadh don CNCC faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

5.5.2.6 Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá an CNCC tiomanta do chomhionannas deiseanna ina chuid beartas, cleachtas agus seirbhísí go léir. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú nach gcaitear chomh fabhrach céanna le haon fhostaí ná le haon pháirtithe leasmhara ar fhorais inscne, stádais shibhialta, stádais teaghlaigh, claonadh gnéis, reiligiúin, aoise, míchumais, cine, nó ballraíochta den phobal taistil ó thaobh earcaíochta, fostaíochta nó rochtain a fháil ar sheirbhísí an CNCC.

Táimid tiomanta do chur chuige réamhghníomhach i leith tionscnamh éagsúlachta agus ionchuimsithe agus leanfaimid orainn ag athbhreithniú ár mbeartas agus ár gcleachtas a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú in 2023.

5.5.2.7 Bainistíocht Riosca

Trí na ról agus feidhmeanna dá chuid a chomhlíonadh bíonn an CNCC gan chosaint ar éagsúlacht de rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais. D'fhéadfadh na rioscaí sin teacht chun cinn ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha agus d'fhéadfadh siad cosc a chur ar chumas an CNCC, nó dul i gcion go tromchúiseach ar a chumas, chun a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Ar aon dul le "Treoir um Bainistíocht Riosca do Ranna agus d'Oifigí Rialtais", arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2016) agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), shocraigh an CNCC inghlacthacht riosca na heagraíochta agus d'fhorbair sé beartais chun na rioscaí atá os a chomhair a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú. Trí bhainistíocht éifeachtach ar riosca ligtear don CNCC a bhainistíocht straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais a fheabhsú.

Cuirtear Bainistíocht Riosca san áireamh le Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus cuirtear de chúram ar an gCoiste go díreach chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. Is buanmhír í an bhainistíocht riosca ar chlár oibre Bhord, Iniúchadh agus Riosca an NTPF, Coistí Cúraim Othar agus cruinnithe Feidhmiúcháin.

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí atá os comhair an CNCC ag deireadh 2022:

- ▲ Is é feidhm CNCC socrú a dhéanamh chun cóireáil ospidéil a sholáthar d'aicmí daoine arna gcinneadh ag an Aire. Mura socraítear cóireálacha leordhóthanacha d'fhéadfadh go mbeadh othair ag fanacht ar liostaí feithimh níos faide ná mar a bhí tuartha. Chun an riosca seo a mhaolú tá próiseas láidir pleanála agus monatóireachta i bhfeidhm ag CNCC chun a ghníomhaíocht a uasmhéadú agus bíonn teagmháil rialta agus leanúnach aige le páirtithe leasmhara ábhartha chun tacú le seachadadh na gcóireálacha.
- ▲ San áireamh ina fheidhm chun cóireáil ospidéil a sholáthar, tá rioscaí ann a bhaineann le luach ar airgead a bhaint amach a bhféadfadh líon níos ísle othar a chóireáiltear a bheith mar thoradh air. Chun é seo a mhaolú tá próisis soláthair i bhfeidhm ag an CNCC agus cloíonn sé le treoirlínte soláthair phoiblí. Tá a cuid próiseas faoi réir iniúchadh inmheánach agus seachtrach rialta agus is iad an Feidhmeannas agus an Bord a chuireann maoirseacht ar fáil.
- ▲ Ar mhaithe le socrú a dhéanamh chun cóireáil ospidéil a sholáthar tá an CNCC eolach faoi rioscaí a bhaineann le dearbhú caillíochta a sholáthar chun cóireálacha othar a choimisiúnú. Chun rioscaí a bhaineann le socrú cóireálacha othar a mhaolú, tá beartais, nósanna imeachta agus socruithe cosanta iomchuí i bhfeidhm ag an CNCC maidir le gníomhaíocht choimisiúnaithe. Ina theannta sin, fuair an CNCC comhairle neamhspleách dearbhaithe cáilíochta agus tá a ghníomhaíocht agus a chórais faoi réir mhaoirseacht an Choiste Feidhmiúcháin agus an Choiste um Chúram Othar.
- ▲ Faoin Acht um Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (2009), oibríonn an CNCC chun socruithe praghsála a chomhaontú le tithe altranais príobháideacha & deonacha. Sa ról seo, tá rioscaí ann maidir le luach

ar airgead a bhaint amach a mbeadh amanna feithimh méadaithe mar thoradh air dóibh siúd atá ag iarraidh rochtain a fháil ar chúram an tí altranais faoi Scéim Cothrom na Féinne. Chun an riosca seo a mhaolú, tá critéir shoiléire idirbheartaíochta agus próiseas achomhairc i bhfeidhm. Déanann an Feidhmeannas, an POF agus an Bord maoirseacht.


- ▲ Déanann an NTPF faisnéis a bhailiú, a thiomsú agus a bhailíochtú maidir le daoine atá ag fanacht le cóireáil ospidéil phoiblí. Ar an ábhar sin, tá líon mór sonraí pearsanta i gcatagóir speisialta ag CNCC agus d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag sárú sonraí ar na hothair lena mbaineann. Chun an riosca a mhaolú tá raon beartas slándála, nósanna imeachta agus socruithe seirbhíse i bhfeidhm ag an CNCC a ndéantar iniúchadh agus tástáil neamhspleách orthu go rialta.
- ▲ Baineann an dara riosca le bailiú, comhthiomsú agus bailíochtú faisnéise faoi dhaoine atá ag fanacht le cóireáil ospidéil phoiblí le hinfhaighteacht na sonraí sin don chóras cúraim sláinte agus don phobal i gcoitinne mar a tharla le linn cibear-ionsaí FSS. Chun an riosca a mhaolú tá raon beartas slándála, nósanna imeachta agus socruithe seirbhíse i bhfeidhm ag an CNCC a ndéantar iniúchadh agus tástáil neamhspleách orthu go rialta.
- ▲ Tá cead ag an CNCC do 87 ball foirne a bheith acu ar fud gach réimse a sholáthraíonn raon feidhmeanna chun tacú le hothair, cónaitheoirí agus an córas cúram sláinte. D'fhéadfadh dúshlán shuntasacha a bheith ann mar thoradh ar chailliúint príomhfhoirne chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Chun an riosca seo a mhaolú tá an CNCC ag forbairt a phleanáil fórsa saothair agus tá soláthraithe seirbhíse seachtracha i bhfeidhm aige chun tacú leis an eagraíocht nuair is gá.
- ▲ Is eol do CNCC na rioscaí a bhaineann le tionscadail a sheachadadh chuig an gcóras cúram sláinte áit a bhfuil an córas fós ag iarraidh téarnamh ó phaindéim COVID-19 agus ó chibirionsaí FSS. Leanann foireann CNCC ag déanamh monatóireachta agus ag plé leis an gcóras cúram sláinte chun na bealaí is fearr chun a cuid tionscadal a sheachadadh a aithint.
- ▲ Tá an CNCC eolach ar a gcuid oibleagáidí comhlíonta maidir le hoibleagáidí rialachais dhlíthiúil agus chorparáidigh agus oibríonn sé chun rioscaí sa réimse seo a mhaolú le beartais agus nósanna imeachta cuí, maoirseacht chuí, úsáid creataí rialachais agus iniúchtaí neamhspleácha go rialta.
- ▲ Soláthraíonn soláthraithe tríú páirtí seirbhísí agus tacaíochtaí don CNCC thar raon feidhmeanna. Oibríonn an eagraíocht chun rioscaí a bhaineann le húsáid soláthraithe tríú páirtí a mhaolú trí phróisis chuí tairisceana agus soláthair, nósanna imeachta bainistíochta conartha, maoirseacht Bhoird agus Feidhmiúcháin agus iniúchadh rialta.
- ▲ Tá méadú tagtha ar an riosca calaoise mar gheall ar an gcianobair a bheith tugtha isteach go tapa agus na hathruithe riachtanacha ar bheartais agus nósanna imeachta a éilíonn na cleachtais oibre athraithe seo. I measc na ngníomhaíochtaí maolaitheacha sa réimse seo tá oiliúint leanúnach foirne, beartais agus nósanna imeachta iomchuí, maoirseacht chuí agus iniúchtaí neamhspleácha rialta.
- ▲ Chuir an úsáid mhéadaithe a bhaintear as cianobair béim ar rioscaí a bhaineann le Bonneagar TFC. D'fhéadfadh cailleanas cumais oibríochta a bheith mar thoradh ar mhainneachtain sa réimse seo. Chun an riosca seo a mhaolú tá réitigh bhonneagair crua-earraí, córais chúltaca agus réiteach iomchuí athshlánaithe tubaiste curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht.
- ▲ Bhí rioscaí leanúnacha d'ionfhabhtú COVID-19 ann i measc na foirne nó daoine eile atá i dteagmháil le foireann CNCC. I measc na ngníomhartha maolaitheacha tá cur i bhfeidhm threoir agus chomhairle an Rialtais agus na sláinte poiblí, lena n-áirítear cleachtais oibre athraithe mar chianobair.

5.5.2.8 Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminteacha

Leanann an CNCC lena chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le hiarratais faoi Shaoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminteacha a fhreagairt. Tháinig an CNCC faoi chuimsiú an Achta um Shaoráil Faisnéise le rith Rialacháin 2006 an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Ordaithe), a bhí i bhfeidhm ón 31 Bealtaine 2006. Tá an CNCC fós faoi raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise tar éis achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.

Sa bhreis ar iarratais a phróiseáil a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 de réir mar a fhaightear iad, d'fhoilsigh an CNCC Lámhleabhar um Shaoráil Faisnéise chun iarratasóirí a threorú tríd an bpróiseas um Shaoráil Faisnéise agus maidir le hiarratas a chur isteach chuig an CNCC.

Iarratais Um Shaoráil Faisnéise A Fuarthas



5.5.3 COVID-19

5.5.3.1 Folláine fostaithe

Bhí folláine fostaithe mar bhreithniúchán tábhachtach san eagraíocht i gcónaí. Leanann an CNCC de bheith ag tacú lena fhoireann trinár gClár Cúnamh d'Fhostaithe le seimineáir bhreise agus nuashonruithe ar shaincheisteanna ábhartha sláinte agus folláine.

5.5.3.2 Socruithe Oibre Covid-19

Mar a fheictear ar fud na tuarascála seo, tá COVID-19 ag dul i bhfeidhm go suntasach ar fad ar gach réimse de ghníomhaíochtaí an NTPF in 2022. Amhail go leor eagraíochtaí, bhí ar an CNCC treoir an Rialtais a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm chun an fhoireann a chosaint agus chun leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Cuireadh bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonadh an CNCC Prótacal Oibre Sábháilte an Rialtais agus comhairle sláinte poiblí i rith 2022. I measc na mbearta cuireadh i bhfeidhm bhí srianta rochtana, PEE, díghalrú láimhe, scaradh sóisialta, scáileáin chosanta, aeráil agus treoir agus oiliúint foirne.

- ▲ Bhí gá le hathbhreithniú agus nuashonrú rialta ar bheartais, nósanna imeachta agus doiciméid ghaolmhara COVID-19 de chuid CNCC de réir mar a tháinig comhairle sláinte poiblí chun cinn mar gheall ar Phrótacal Oibre Sábháilte nuashonraithe agus comhairle sláinte poiblí.
- ▲ Rinneadh athbhreithnithe measúnaithe riosca chun riosca agus tionchar féideartha COVID-19 a mheas ar bhonn leanúnach.
- ▲ Comhairliúcháin le príomhionadaithe oibrithe agus leis an mbainistíocht chun comhaontú comhchoiteann a áirithiú maidir le bearta, próisis, agus nósanna imeachta iomchuí COVID-19.
- ▲ Doiciméid faisnéise foirne agus nuashonruithe.
- ▲ I rith 2022, cuireadh tús tinreamh rialta foirne san oifig le chéile arís agus forbraíodh Beartas Oibre Cumaisc bunaithe ar an gCreat Beartais don Oibre Chumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse (foilsithe 31 Márta 2022).
- ▲ Rinneadh uasghrádú ar ríomhairí oifigbhunaithe le ceamara gréasáin, gléasanna cinn agus monatóirí breise. Tabharfaidh sé seo deis don fhoireann oibriú ón mbaile nó ón oifig agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi chruinnithe Microsoft Teams le comhghleacaithe cianda.
- ▲ Fuarthas feidhmchlár chun áirithint deasc a éascú de réir mar a d'fhill baill foirne ar an oifig agus cuireadh i bhfeidhm é in 2022.

6 RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLAIN DÁR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

CLÁR ÁBHAIR

Faisnéis Ghinearálta	37
Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	38
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	41
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	44
An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	46
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	47
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	48
Nótaí leis na ráitis airgeadais	49

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Comhaltaí an Bhoird

Don Gallagher (Cathaoirleach)
Dónall Curtin
Donna Roche
Sarah Johnson
Martin Sisk
Fiona Kiernan
Gerry Quinn
Valerie Bowens
Niall Quinn

Rúnaí Gníomhach an Bhoird:

Eamonn Horgan

Ceannoifig:

Teach Ashford
Sráid na Teamhrach,
Baile Átha Cliath 2
Uimh. Theileafóin: +353 1 6427 101
Uimh. Facs: +353 1 6427 102
Suíomh Gréasáin: www.ntpf.ie

Iniúcháirí:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
An Port Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí Príomhúla:

AIB Bank Limited,
Bóthar Shoid,
Seantrabh
Baile Átha Cliath 9

Aturnaetha:

Byrne Wallace LLP
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 DK18

RÁITIS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

Rialachas

Bunaíodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 179 - An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004, arna leasú ag I.R. Uimh. 125 de 2007, an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 agus an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (2009). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 4 de I.R. 179. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomhshaincheisteanna gnó uile. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh an CNCC. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus maidir le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an CNCC.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Ionstraim Reachtúil. Áirítear leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- ▲ Dearbhú leasanna
- ▲ Tuarascálacha ó choistí
- ▲ Athbhreithniú ar an gClár Riosca
- ▲ Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- ▲ Tuarascálacha feidhmíochta
- ▲ Cúrsaí forchoimeáda

Éilítear le hAlt 6(10.1) den Ionstraim Reachtúil go gcoimeádfaidh Bord an CNCC, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Bord nó a chaithfidh sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear an méid seo a leanas ar an CNCC:

- ▲ Beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- ▲ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- ▲ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin más rud é nach bhfuil sé iomchuí chun a thiomhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme
- ▲ Chun a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochtá agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas chun a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 6(10.1) den Ionstraim Reachtúil. Tá an Bord freagrach as coinneáil agus iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNCC. Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an CNCC léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an CNCC amhail an 31 Nollaig 2022 seachas i gcás neamhchomhlíonta cheanglais FRS 102 maidir le hoibleagáidí sochair scoir. Tugtar cuntas ar shochair scoir ar bhonn íoc mar a úsáidtear.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Sláinte gach duine acu. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse suas le trí bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta. Sa tábla thíos sonraítear na dátaí ceapacháin is déanaí do chomhaltaí ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceapacháin is Déanaí
Don Gallagher	Cathaoirleach	24 Márta 2021
Patrick Gibbons	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2020
Terry McWade	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2020
Patricia Byron	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2020
Anne Stewart	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2020
Dónall Curtin	Gnáthchomhalta	24 Márta 2021
Donna Roche	Gnáthchomhalta	24 Márta 2021
Sarah Johnson	Gnáthchomhalta	03 Meitheamh 2021
Martin Sisk	Gnáthchomhalta	02 Iúil 2021

Chuir an Bord tús le hAthbhreithniú Éifeachtúlachta agus Meastóireachta Boird i mí na Nollag 2022.

Tá dhá choiste curtha i mbun ag an mBord, mar a leanas:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca; tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí an Bhoird mar aon le saineolaí seachtrach (comhalta gan ceart vótála). Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ná chun tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áiríthíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil go bliantúil.

Ba iad baill an CIR ar an 31 Nollaig 2022 ná Dónall Curtin (Cathaoirleach), Patrick Gibbons, Anne Stewart, agus Martin Sisk. Athcheapadh an tUasal Eugene Kelly mar shaineolaí seachtrach (comhalta gan ceart vótála) ón 01 Samhain 2022 ar feadh tréimhse dhá bhliain. Tionóladh 5 chruinniú den CIR in 2022.

An Coiste um Chúram Othair; ceathrar chomhaltaí an Bhoird agus saineolaí seachtrach (comhalta gan ceart vótála). Is é ról an Choiste um Chúram Othar (CCO) ná grinnscrúdú agus dúshlán a sholáthar maidir leis na gnéithe de cháilíocht, de bhainistíocht riosca agus de shábháilteacht an chúraim othar de réir mar a bhaineann le bainistíú ag an CNCC ag éirí as a fheidhm coimisiúnaithe. Tuairiscíonn an CCO don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil go bliantúil.

B'iad comhaltaí an CCO ar an 31 Nollaig 2022 Terry McWade (Cathaoirleach), Patricia Byron, Donna Roche agus Sarah Johnson. Athcheapadh Margaret Murphy Uasal mar shaineolaí seachtrach (comhalta gan ceart vótála) an 10 Meitheamh 2022 ar feadh tréimhse bliana. Tionóladh 5 chruinniú den CCO in 2022.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coiste do 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fhaigheann gach comhalta;

Comhaltaí Boird

	Bord	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	An Coiste um Chúram d'Othair	Táillí 2022 €	Speansais 2022 €
Líon cruinnithe	8	6	6		
Patricia Byron	8 (8)		4 (5)	7,695	-
Patrick Gibbons	7 (8)	5 (5)		7,695	45
Terry McWade	8 (8)		5 (5)	7,695	-
Anne Stewart	8 (8)	4 (5)		7,695	-
Dónall Curtin	7 (8)	5 (5)		7,695	-
Don Gallagher (Cathaoirleach)	8 (8)			11,970	-
Donna Roche	5 (8)		5 (5)	7,695	-
Sarah Johnson	7 (8)		4 (5)	7,695	-
Martin Sisk	8 (8)	5 (5)		7,695	-
				73,530	45

Baineann na figiúirí a thaispeántar idir lúbíní le líon na gcruinnithe a raibh comhaltaí i dteideal freastal orthu.

Príomhathruithe Pearsanra:

D'éirigh an POF, Liam Sloyan, as a phost le héifeacht ón 30 Samhain 2022 agus ceapadh Seán Flood mar POF Eatramhach le héifeacht ón 01 Nollaig 2022. Ní dhearnadh aon athruithe eile ar phríomhphearsanra bainistíochta le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá athruithe ar phríomhphearsanra bainistíochta ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe leagtha amach thíos:

De réir an Ordaithe um an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004 cheap an tAire ceathrar comhaltaí nua in 2023:

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Fiona Kiernan	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2023
Gerry Quinn	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2023
Valerie Bowens	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2023
Niall Quinn	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2023

Tháinig deireadh leis na comhaltais seo a leanas in 2023:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Scoir den Chomhaltas
Patrick Gibbons	Gnáthchomhalta	27 Feabhra 2023
Terry McWade	Gnáthchomhalta	27 Feabhra 2023
Anne Stewart	Gnáthchomhalta	24 Bealtaine 2023
Patricia Byron	Gnáthchomhalta	24 Bealtaine 2023

Ceapadh POF nua le héifeacht ón 03 Iúil 2023.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála le ceangaltais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016 agus a larscríbhinn a foilsíodh in 2020. Tá na nochtáí seo a leanas ag teastáil de réir an Chóid:

Costais Sainchomhairleoirilachta		
	2022	2021
Dlíthiúil	48,677	77,110
Caidreamh poiblí	60,864	41,392
Feabhsú gnó	65,608	59,901
	175,149	178,403

Ní chuimsíonn na costais dlí thuas aon chomhpháirteanna cúitimh.

Taisteal & Cothabháil						
	Intíre		Thar lear		Iomlán	
	2022	2021	2022	2021	2022	2021
An Foireann	22,820	2,434	0	0	22,820	2,434
Bórd	45	0	0	0	45	0
Iomlán	22,865	2,434	0	0	22,865	2,434

Caiteachas ar Fháilteachas;

Tabhaíodh €0 maidir le fáilteachas inmheánach don bhliain 2022 (2021 €0). Tabhaíodh €0 maidir le fáilteachas seachtrach don bhliain 2022 (2021 €0).

Sochair ghearrthéarmacha fostaithe;

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe nochta i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Amhail an 31 Nollaig, bhí 4 (44%) comhaltaí baineanna agus 5 (56%) comhaltaí fireanna ag an mBord. Ní raibh aon fholúntais ann ag deireadh na bliana. Comhlíonann an CNCC mar sin sprioc an Rialtais le haghaidh ionadaíocht íosta 40% i gcomhair gach inscne i mballraíocht Bord Stáit.

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016) agus lena larscríbhinn a foilsíodh in 2020 agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid an chinntiú.

Bhí an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit do 2022.

Thar ceann Bhord an CNCC:



Don Gallagher (Cathaoirleach)
Comhalta Boird
29 Meán Fómhair 2023



Dónall Curtin
Comhalta Boird
29 Meán Fómhair 2023

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC), aithním an fhreagracht atá ar an mBord chun a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht sin riachtanais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus a larscríbhinn a foilsíodh in 2020 san áireamh.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, idirbhearta atá údaraithe agus taifeadta i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialuithe inmheánacha, a réitíonn leis na treoracha a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa CNCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag an CNCC atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí an Bhoird agus saineolaí seachtrach amháin. Tháinig an CIR le chéile cúig huairé i rith na bliana.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an CNCC freisin a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici. Ceaptar gnólacht cuntasáíochta chun an próiseas iniúchta inmheánaigh a dhéanamh agus déanann sé plean iniúchta a comhaontaíodh leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR a leagann amach a mhian riosca, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraíonn sé ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas do na baill foirne go léir atá beartaithe le bheith ag obair faoi bheartais bainistíochta riosca an CNCC, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí éiritheacha, chun laigí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Is mír bhuan í bainistíocht riosca ar chlár oibre ag cruinnithe an Bhoird agus ag cruinnithe an CIR araon. Tá Clár Roscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an CNCC agus aithníodh na rioscaí sin, rinneadh iad a mheasúnú agus a ghrádú in ord a suntasachta. Athbhreithníonn an CIR na rioscaí uile arna sainaitheant ar an gClár Rioscaí mar aon leis an bplean bainistíochta le haghaidh an riosca sainaitheanta a mhaolú ag gach cruinniú.

Rioscaí a shainaitheant i rith na bliana a chur leis an gClár Riosca ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar na rioscaí ardrangaithe, na rioscaí nua agus na rioscaí atá ag athrú ar an gClár Riosca ag gach cruinniú Boird. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar na rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as oibriú na rialuithe do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- ▲ rinneadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú
- ▲ sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- ▲ tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- ▲ tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a áirithiú agus
- ▲ tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, in am agus i dtráth. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- ▲ sainaitheant príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- ▲ bunaíodh socruithe tuairiscithe ar na leibhéil uile ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- ▲ déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais agus feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CNCC chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte soláthair reatha a áirithiú agus gur chomhlíon an CNCC na nósanna imeachta siúd le linn 2022.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dheimhnigh an Bord an 06 Márta 2023 go ndearna sé athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2022.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CNCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an CNCC ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, ag an gCoiste um Chúram Othar a dhéanann monatóireacht ar rioscaí a bhaineann le cóireálacha d'othair a choimisiúnú agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den CNCC atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh:

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach maidir le 2022.

Tionchar Covid-19 agus Brúnna Boilscithe

Lean COVID-19 ag dul i bhfeidhm ar oibríochtaí an CNCC i rith 2022. D'fhreagair an CNCC trí athbhreithniú agus athrú a dhéanamh ar phróisis mhaoirseachta agus nósanna imeachta rialaithe, lena n-áirítear iad siúd a theastaíonn chun cianobair éifeachtach agus shlán a éascú. D'fhan príomhrialuithe ar na próisis seo mórán mar an gcéanna agus a bhí siad roimh an bpaindéim. Ó 2020 i leith cuireadh rialuithe agus monatóireacht bhreise bogearraí i bhfeidhm chun na rioscaí TFC ó chianobair a mhaolú, le treoir ghaolmhar agus oiliúint feasachta don fhoireann.. Coinneoidh Bord an CNCC, an Fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearach agus an bhainistíocht an cás atá ag teacht chun cinn faoi athbhreithniú leanúnach.

Mar gheall ar rátaí arda minicíochta Covid-19 ar fud codanna de 2022, bhí tionchar ar chumas an CNCC cóireálacha roghnacha a shocrú d'othair ar liostaí feithimh. Mar sin, níor tharraing an CNCC síos an leithdháileadh ioncaim iomlán do 2022.

Lean an CNCC ag riaradh an phróisis iarratais agus ag soláthar comhairle d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh i rith 2022. D'fhógair an Stát Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh i mí Aibreáin 2020 chun tacú le tithe altranais maidir le brúnna costais breise a eascraíonn as Covid-19. Déanann FSS an scéim a riaradh agus íocaíochtaí a dhéanamh leis na Tithe Altranais.

Rinne an CNCC an próiseas iarratais a riar agus chuir sé comhairle ar fáil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir leis an Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach. D'fhógair an Stát an Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach i mí na Samhna 2022 chun tacú le tithe altranais le costas boilscithe fuinnimh. Déanann FSS an scéim a riaradh agus íocaíochtaí a dhéanamh leis na Tithe Altranais.

(Easnamh)/Barrachas i ndiaidh leithreasáí

Ag deireadh 2022 tá an CNCC ag tuairisciú easnamh ioncaim thar chaiteachas €12m.

Baineadh úsáid as cúlchistí ioncaim a tugadh ar aghaidh ó 2021 don chaiteachas seo. Ba mhaoiniú é seo nár caitheadh sna blianta roimhe sin agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais ar chúram othar in 2022.

Thar ceann Bhord an CNCC:



Don Gallagher, Cathaoirleach
29 Meán Fómhair 2023



**TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
COMPTROLLER AND AUDITOR GENERAL**

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Táimse tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102- *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus cuimsítear*

- ▲ an ráiteas ioncain agus caiteachais agus na cúlchistí ioncain
- ▲ an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ▲ an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- ▲ na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, cé is moite den neamhchomhlíonadh le ceangaltais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, tugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta sna ráitis airgeadais i dtaca le sochair agus dochair Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála amhail ar an 31 Nollaig 2022 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2022 de réir FRS 102.

Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

I gcomhréir le teoracha an Aire Sláinte, déanann Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála costais teidlíochtaí sochair scoir a thuairisciú de réir mar a éiríonn siad le bheith iníoctha. Ní chloíonn sé seo le FRS 102 ina n-éilítear go sainaithníonn na ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a thuilltear sa tréimhse agus an dliteanas fabhráithe ag dáta an tuairiscithe. Níl éifeacht an neamhchomhlíonta ar ráitis airgeadais Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála don bhliain 2022 cainníochtaithe.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a gabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun go mbeadh bunús le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá Bord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
30 Meán Fómhair 2023

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ▲ ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi airteagal 10 de I.R. Uimh. 179/2004 An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004
- ▲ a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102
- ▲ rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- ▲ a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil bonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta iomchuí, agus
- ▲ is gá rialú inmheánach den sórt a chinneann siad a dhéanamh chun go mbeifear in ann
- ▲ ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhoird an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam maidir leis an iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéanfar de réir na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó san iomlán, d'fhéadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh.

- ▲ Sainaitníim agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúcháireachta i gcrích atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá dóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá an baol nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú a bheith i gceist le calaois. easnaimh d'aon ghnó. mífhaisnéis, nó rialú inmheánach a shárú.
- ▲ Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha,
- ▲ Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáíochta agus nochtáí. gaolmhara.

- ▲ Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuarthas, cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátaí as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtadh gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtadh sin, chun mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí a bheith ina gcúis le scor de Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- ▲ Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh ar mhodh a bhaineann cur i láthair cóir amach nó nach léiríonn.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir leis an raon feidhme agus an t-am atá beartaithe maidir leis an iniúchadh agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, dar liom,

- ▲ Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh mo iniúchta, nó
- ▲ Níor leor na taifid chuntasáíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- ▲ Nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus. trí sin a dhéanamh, smaoinigh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndearlaíonn sé go bhfuil sé mícheart ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam. Go mbainim de thátaí as go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, ní mór dom an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má aithníim gnéithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má shainaitníim aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe nó i gcás nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a rialaíonn iad.

AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
Ioncam			
Deontas Oireachtais	2	125,000,000	110,000,000
Ioncam Eile		30	-
Ús Infhála		57,334	-
Ioncam Iomlán		125,057,364	110,000,000
Lúide: Caiteachas			
Caiteachas ar Chúram Othar	3	128,503,145	95,710,869
Speansais Riaracháin	4	8,584,398	7,452,746
Caiteachas Iomlán		137,087,543	103,163,615
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain roimh Leithreasuithe		(12,030,179)	6,836,385
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	11	31,902	(53,486)
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasáí		(11,998,277)	6,782,899
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail an 1 Eanáir		27,074,279	20,291,380
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail an 31 Nollaig		15,076,002	27,074,279

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta ar fad sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:



Don Gallagher (Cathaoirleach)
Comhalta Boird
29 Meán Fómhair 2023



Dónall Curtin
Comhalta Boird
29 Meán Fómhair 2023

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS

Amhail an 31 Nollaig 2022

	Notes	2022 €	2021 €
Sócmhainní seasta:	6	457,682	489,584
Sócmhainní Reatha			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	7	254,029	244,971
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	8	61,433,783	54,396,819
		61,687,812	54,641,790
Dlíteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe Cúraim	9	44,880,324	26,113,617
Suimeanna Iníoctha Neamhchúraim agus Fabhruithe Neamhchúraim	10	1,731,486	1,453,894
		46,611,810	27,567,511
Glansócmhainní reatha		15,076,002	27,074,279
Iomlán na nGlansócmhainní		15,533,684	27,563,863
Léirithe ag			
Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		15,076,002	27,074,279
Cuntas Caipitil	11	457,682	489,584
		15,533,684	27,563,863

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:



Don Gallagher (Cathaoirleach)
Comhalta Boird
29 Meán Fómhair 2023



Dónall Curtin
Comhalta Boird
29 Meán Fómhair 2023

RÁITEAS AR SHREAFÁI AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

	Notes	2022 €	2021 €
Glansreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		(12,030,179)	6,836,385
Dímheas agus bearnúchán Sócmhainní Seasta	6	179,099	162,219
Méadú ar Infháltais		(9,058)	(72,843)
Méadú ar Shuimeanna Iníochta		19,044,299	2,509,479
Glansreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		7,184,161	9,435,240
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	6	(147,197)	(258,638)
Diúscairt Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh	6	-	42,933
Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(147,197)	(215,705)
Net Increase in Cash and Cash Equivalents		7,036,954	9,219,535
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail ar an 1 Eanáir		54,396,819	45,177,284
Airgead tirim nó a chomhluach amhail ar an 31 Nollaig		61,433,783	54,396,819

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta arna nglacadh ag Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bord an CNCC) leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 179 - An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004, arna leasú ag I.R. Uimh.125 de 2007, an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 agus an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais (2009), le ceannoifig ag Teach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2 .

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá ag Bord an CNCC:

- (i) Chun socruithe a chur i mbun le daoine, bíodh siad sin ina gcónaitheoirí sa Stát seo nó i dtír eile, le haghaidh cóireáil ospidéal a chur ar fáil dá leithéid d'aicmí daoine de réir mar a bheartaíonn an tAire ó am go ham.
- (ii) faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh ar chóireáil ospidéal a bhailiú, a thiomsú agus a bhailíochtú, agus chun córais faisnéise agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na críche sin.
- (iii) chun comhairle a thabhairt don Aire de réir mar a iarrann an tAire, nó ar a thionscnaimh féin, ar ábhair a bhaineann lena fheidhmeanna.
- (iv) aon fheidhm eile a fheidhmiú a bhaineann le ceannach cóireála ospidéal a d'fhéadfadh an tAire a shannadh dó ó am go ham.
- (v) socruithe a dhéanamh le duine a mheasann sé a bheith oiriúnach, agus é/í ina (h)úinéir de theach altranais, maidir leis an bpraghas ar a gcuirfead seirbhísí cúraim chónaithe fhadtréimhsigh ag an duine sin ar fáil do dhaoine a bhfuil a leithéid de sheirbhísí de dhíth orthu agus a bhfuil cúnaimh airgeadais á fháil acu de réir an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009.

Aonán Sochair Phoiblí (ASP) is ea Bord an CNCC.

b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an CNCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) cé is moite de go dtugtar cuntas ar phinsin ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Ní chuirtear forálacha FRS 102 Alt 28 Sochair Fostaithe i bhfeidhm agus níl an dliteanas do shochair phinsin sa todhcháí fabhráithe sa bhliain aitheanta sna ráitis airgeadais.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe arna dtomhas ar luach cóir de réir mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos.

Is de réir mar atá faofa ag an Aire Sláinte faoin Ordú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 atá na ráitis airgeadais déanta.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i dtaca le míreanna atá measta le bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Bhord an CNCC.

d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Déantar an t-ioncam reatha a thuairisciú ar bhonn fabhráithe, go hiondúil. Mar sin féin, cuirtear Deontais ón Oireachtas ar fáil chun tiomantais a bhaint amach le linn na bliana seachas speansais a fhabhraítear le linn na bliana agus déantar iad a thuairisciú ar bhonn fáltais airgid.

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

Is ionann tiomantais agus oibleagáidí nó gealltanais chun íocaíochtaí a dhéanamh san am atá le teacht le hOspidéal Phoiblí nó Phríobháideacha atá ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta fós mar dhliteanais sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

e) Caiteachas ar chúram othar

Aithnítear caiteachas ar chúram sa bhliain ina gcuirtear an cúram leighis ar fáil.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú maidir le haon fhoráil do bhearnú. Tuairiscítear an dímheas ar mhaoín, ar ghléasra agus ar threalamh de réir méid cothrom agus ar rátaí a dhéantar iad a mheas ar mhaithe leis na sócmhainní a laghdú go dtí luachanna iarmharacha faoi dheireadh na saolré atá beartaithe dóibh a bheith fós tairbhiúil mar seo a leanas:

Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Troscán agus Feistis	10% in aghaidh na bliana

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfear amach ó dhiúscairt sócmhainne faoi láthair, tar éis do chostais mheasta na diúscairthe a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an tsócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith ag deireadh a saolré úsáidí, agus an baill sin air.

Déantar caiteachas a thabhaítear i bhforbairt na gcóras ríomhaireachta, atá ina méid substaintiúil, agus a mheastar go mbaineann tairbhe eacnamaíoch leis don Bhord a mhairfidh níos mó ná bliain amháin sa todhchaí, a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha chun cinn. Tá uasteorainn de 5 bliana leis an tréimhse sin. I gcás neamhchinnteachta maidir leis an tairbhe thodhchaíoch a bheidh i gceist aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

g) Fardal

Ós rud é nach gcoimeádann an Bord aon fhardal ábhartha, déantar na míreanna intomhalta éagsúla go léir (mar shampla, stáiseanóireacht, ábhar clóbhuailte srl.) a ghearradh go hiomlán don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe sa tréimhse inar tabhaíodh iad den chéad uair.

h) Infháltais

Déantar infháltais a thuairisciú ar luach cóir, lúide an soláthar le fiachas amhrasach. Is foráil ar leith í an fhoráil maidir le fiacha amhrasacha, agus déantar í a bhunú nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Bord an CNCC in ann na méideanna uile atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht maidir le soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

i) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coimeádta thar shaolré an léasa. Tuairiscítear an caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa.

j) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

Sochair Scoir

Is trí scéim le sochar sainithe a chuirtear teidlíochtaí pinsin ar fáil do na fostaithe atá fostaithe go díreach ag an mBord. De réir treoir an Aire Sláinte, ní dhéanfar aon fhorail leis na ráitis airgeadais i dtaca le sochair phinsin todhchaíoch. Cuirtear maoiniú ar fáil de réir mar a íoctar íocaíochtaí pinsin.

Déantar cúiteamh ar ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear ó thuarastail fostaithe i gcoinne íocaíochtaí pinsin agus aithnítear iad mar chostais phinsin ghilana agus gearrtar iad don Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Coimeádta nuair a íoctar iad.

Chomh maith leis sin, déanann an CNCC an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) a riar, scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ar ceapadh iad an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íoctar ranníocaíochtaí de chuid bhaill na Scéime Aonair.

Fanann na sochair phinsin atá ag baill foirne ar iasacht le Bord an CNCC faoi fhreagracht na máthair-chomhlachtaí dá gcuid. Is don Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Coimeádta a ghearrtar an costas don fhostóir maidir leis na sochair sin agus íoctar ar ais é leis na máthair-chomhlachtaí.

k) Cuntas Caipitil

Léirítear leis an gcuntas caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a chuirtear i leith an chaiteachais chaipitil. Scaoiltear suimeanna ón gcúlchiste sin leis an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste loncaim Coimeádta ar aon dul le dímheas agus díluacháil sócmhainní.

l) Idirbhearta Airgeadra Eachtracha

Maidir le hidirbhearta airgeadra eachtraigh a dhéantar le linn na tréimhse, is ar an ráta malairte ar an dáta a tharlaíonn an idirbheart a áirítear an luach atá i gceist leis.

m) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaióchta Chriticiúla

Chun ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don lucht bainistíochta cinntí, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear mar shócmhainní agus dliteanais ag an dáta tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear mar ioncaim agus mar speansais le linn na bliana. Ós rud é gur meastachán atá i gceist, tá seans maith ann go mbeidh difríocht idir na torthaí iarbhir agus na cinn mheasta. Mar sin féin, ní raibh aon bhreithiúnais ag teastáil a raibh tionchar suntasach acu ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais do 2022.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag Bord an CNCC ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí uile de shócmhainní seasta, agus go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch úsáideach agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig an Bord ar an tuairim go bhfuil saolréanna agus luachanna iarmharacha na sócmhainní iomchuí.

2. Deontais ón Oireachtas

Cuimsítear an méid a leanas leis na Deontais ón Oireachtas a leithdháiltear le Vóta 38 Sláinte do Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála, de réir mar atá léirithe sna ráitis airgeadais;

		2022 €	2021 €
Deontais le haghaidh caiteachais reatha	Fo-cheann E3	100,000,000	100,000,000
Deontais le haghaidh caiteachais reatha	Fo-cheann E5	25,000,000	10,000,000
		125,000,000	110,000,000

Ba bheart sealadach é an leithdháiltear le haghaidh Fo-cheann E5 mar fhreagra ar riaráistí an liosta feithimh agus saincheisteanna acmhainne a d’eascair as an bpaindéim COVID-19.

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

3 (a) Caiteachas ar Chúram Othar

In 2022 bhain caiteachas a thabhaigh an CNCC le híocaíochtaí le hospidéal phríobháideacha agus phoiblí chun seirbhísí othar cónaitheach agus othar seachtrach a sholáthar d'othair ar liostaí feithimh. Tá an caiteachas briste síos de réir chineál an íocaí agus na speisialtachta mar seo a leanas:

	2022 €	2021 €
Ospidéal Phríobháideacha	67,285,727	45,178,894
Ospidéal Phoiblí	61,217,418	50,531,975
	128,503,145	95,710,869

3(b) Caiteachas ar Chúram Othar de réir speisialtóireachta

	2022 €	2021 €
Ortaipéidic	29,159,831	27,589,351
Oftailmeolaíocht	20,720,235	13,793,451
Máinliacht Ghinearálta	30,067,466	20,716,813
Úireolaíocht	7,000,479,	4,833,796
Ota-laraingeolaíocht (ENT)	7,841,621	4,936,377
Máinliacht Chairdiach / Cairdeolaíocht	9,049,935	7,012,692
Raideolaíocht	10,799,807	7,174,640
Néaramháinliacht	1,046,523	1,258,844
Gínéiceolaíocht	241,382	1,525,402
Máinliacht Shoithíoch	2,078,828	1,099,326
Máinliacht Phlaisteach Neamhchosmáideach	2,652,567	1,607,523
Bainistiú Péine	1,495,634	742,059
Néareolaíocht	195,481	56,610
Máinliacht Deirmeolaíochta	3,273,293	1,900,568
Riospráide	1,045,963	594,932
Réamaiteolaíocht	948,955	372,143
Idhíoneolaíocht	30,454	15,311
Inchríneolaíocht	690,630	430,119
Maxillo-Aghaidhe	164,061	50,912
IOMLÁN	128,503,145	95,710,869

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

4 Speansais Riaracháin

	Notaí	2022 €	2021 €
Párolla	5	4,230,288	3,907,731
Cíos oifige		517,008	514,545
Seirbhísí gairmiúla		1,063,914	953,696
Speansais oifige		218,035	181,626
Post agus Bainistíocht Poist		1,549,651	950,613
Speansais ríomhaireachta		446,738	403,605
Cumarsáid		60,864	41,392
Oiliúint agus Earcaíocht		102,881	96,754
Táillí dlí		48,677	77,110
Iompar agus Taistil		22,865	2,434
Dímheas		179,099	162,219
Glantachán agus cothabháil an áitribh		42,873	16,423
Táillí Iniúcháireachta		20,350	20,350
Árachas		65,538	65,126
Táillí bainc		15,515	16,189
Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt		-	42,933
Costais Ilghnéitheacha		102	-
		8,584,398	7,452,746

Tá an costas díreach a bhaineann le feidhm idirbheartaíochta an CNCC a riaradh faoin Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Altranais san áireamh sna Speansais Riaracháin. Ba é an costas seo ná €440,336 (2021: €459,491).

Ina theannta sin, b'ionann costas ról an CNCC i leith na Scéime Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh Covid-19 agus €422,642 in 2022 (2021: €584,906).

B'ionann costas ról an CNCC maidir leis an Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach agus €35,678 in 2022 (2021: nialas).

5 Luach saothair

5(a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	2022 €	2021 €
Sochair Ghearrthéarmacha Foirne	3,717,396	3,306,518
Íocaíochtaí pinsean	132,840	250,760
Ranníocaíocht fostóra le Leas Sóisialach	380,052	350,453
Costas Párolla Iomlán	4,230,288	3,907,731

Nóta: Tá na híocaíochtaí pinsin thuas glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe de €122,428 (2021 €113,234) a asbhaintear ó thuarastail ach a choinníonn an CNCC. B'ionann asbhaintí pinsin maidir le baill SPSPS agus €68,523 (2021 €55,404). Tarchuireadh iad seo chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tarchuireadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (de réir Chiorclán 21/2018 an DPER) de €119,289 (2021 €102,306) chuig an Roinn Sláinte.

	2022	2021
Líon na foirne fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana	71	60

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

5(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2022 €	2021 €
Bunphá	3,717,396	3,305,523
Ragobair	-	995
Liúntais	-	-
	3,717,396	3,306,518

Áirítear le bunphá costais foirne gníomhaireachta de €88,355 (2021: €9,503).

5(c) Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

	2022 €	2021 €
Tuarastal an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin	151,014	139,464
Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhach*	12,372	-

* Ceapadh an tUasal Sean Flood mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 2 Iúil 2023.

Áirítear le Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh pá saoire €16,514 (2021: nialas). Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de Scéim Aoisliúntas an CNCC agus ní théann a gcuid dteidlíochtaí maidir leis sin níos faide thar théarmaí scéim aoisliúntais eiseamláireach na seirbhíse poiblí. Ní áirítear luach na sochar scoir a thóilltear le linn na tréimhse i gceist sa mhéid thuas.

5(d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Ar na príomhphearsanra bainistíochta san CNCC tá Comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir TFC, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus an Stiúrthóir Rialachais agus Athchóirithe Liosta Feithimh. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos;

	2022 €	2021 €
Tuarastal	631,872	606,547

Ní áirítear luach na sochar scoir a thóilltear le linn na tréimhse i gceist le tuarastail an phríomhphearsanra bainistíochta. Tá an príomhphearsanra bainistíochta, gan comhaltaí an Bhoird san áireamh, ina mbaill de Scéim Aoisliúntas an CNCC agus ní théann a gcuid dteidlíochtaí maidir leis sin níos faide thar théarmaí scéim aoisliúntais eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

5 (e) Miondealú ar shochair fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas;

From	To	Líon na bhFostaithe	
		2022	2021
€60,000	- €69,999	9	9
€70,000	- €79,999	3	3
€80,000	- €89,999	2	1
€90,000	- €99,999	-	1
€100,000	- €109,999	2	1
€110,000	- €119,999	1	-
€120,000	- €129,999	-	-
€130,000	- €139,999	-	1
€140,000	- €149,999	-	-
€150,000	- €159,999	1	-
Iomlán		18	16

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear mar shochair gearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastail, liúntais, agus aon íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

6 Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Crua-Earraí Trealamh agus Bogearraí €	Troscán Trealamh €	Daingneáin agus Feistis €	Iomlán €
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2022	1,288,060	61,058	141,355	1,490,473
Breiseanna	131,447	-	15,750	147,197
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2022	1,419,507	61,058	157,105	1,637,670
Dímheas				
Amhail an 1 Eanáir 2022	(846,746)	(54,393)	(99,750)	(1,000,889)
Táille don bhliain	(167,278)	(5,109)	(6,712)	(179,099)
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2022	(1,014,024)	(59,502)	(106,462)	(1,179,988)
Glanluach Leabhar				
Amhail an 1 Eanáir 2022	441,314	6,665	41,605	489,584
Glanghluaiseacht don bhliain	(35,831)	(5,109)	9,038	(31,902)
Amhail an 31 Nollaig 2022	405,483	1,556	50,643	457,682

7 Infháltais agus réamhíocaíochtaí

	2022	2021
	€	€
Réamhíocaíochtaí Éagsúla	232,520	242,178
Infháltais Éagsúla Eile	21,509	2,793
	254,029	244,971

8 Airgead agus Coibhéisí Airgid

	2022	2021
	€	€
Cuntas Bainc Reatha	733,483	466,519
Nótaí Státchiste NTMA	60,700,000	53,930,000
Mionairgead	300	300
	61,433,783	54,396,819

9 Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe Cúraim

	2022	2021
	€	€
Suimeanna Iníoctha Cúraim	6,354,038	7,084,300
Fabhruithe Cúraim	38,526,286	19,029,317
	44,880,324	26,113,617

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

10 Suimeanna Iníoctha Neamhchúraim agus Fabhruithe Neamhchúraim	2022 €	2021 €
Seirbhísí Gairmiúla ag Siarchoinneáil Cánach	711,014	509,017
ÍMAT / ÁSPC agus Tobhaigh Rialtais	132,308	114,496
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe eile neamhchúraim	888,164	830,381
	1,731,486	1,453,894

11 Cuntas Caipitil	2022 €	2021 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	489,584	436,098
Cistí leithdháilte chun sócmhainní seasta a shealbhú	147,197	258,638
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	(179,099)	(162,219)
Diúscairt Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh	-	(42,933)
Glanghluaiseacht sa Chuntas Caipitil	(31,902)	53,486
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	457,682	489,584

12. Léasanna Oibriúcháin

Tá áitreabh ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2 faoi chomhaontú léasa dar tosach 1 Eanáir 2021 agus a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2025. Is é 935m2 achar urláir oifige iomlán na réadmhaoine agus bhí 100% de áitiú ag an CNCC ar an dáta tuairiscithe.

Nithe ar cíós faoi léasanna oibriúcháin (arna gcur chun dochair loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choinnithe)	2022 €	2021 €
Talamh agus Foirgnimh	517,008	514,545

Tá na gealltanais a leanas ag an mBord faoi léasanna oibriúcháin a rachaidh in éag	2022 €	2021 €
Laistigh de bhliain amháin	517,008	517,008
Laistigh de 2 bhliain go 5 bliana	1,034,016	1,551,024

13. Tiomantas

Is ionann tiomantais agus oibleagáidí nó gealltanais chun íocaíochtaí a dhéanamh san am atá le teacht le hOspidéal Phoiblí nó Phríobháideacha atá ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta fós mar dhliteanas sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Ghlac othair phoiblí le tairiscintí cóireálacha, ar luach measta €35M (2021: €30M), ag an dáta tuairiscithe chun na cóireálacha a dhéanamh an bhliain dár gcionn. I measc na ngealltanais tá comhairliúcháin le hothair sheachtracha agus soláthar do chúram leantach nuair is cuí. Ós rud é go n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, níl na tiomantais sin aitheanta mar dhliteanas ag an dáta tuairiscithe.

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

14. Nochtadh Páirtí Ghaolmhar

Cuimsíonn príomhphearsanra Bhord an CNCC Comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí sinsearacha. Féach Nóta 5 chun teacht ar bhriseadh síos ar an luach saothair agus ar na sochair a íoctar leis an bpríomhphearsanra.

Glacann Bord an CNCC le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta an Bhoird

Comhaltaí. I ngnáthchúrsa an ghnó féadfaidh Bord an CNCC socruithe conartha a dhéanamh le haonáin ina bhfuil Comhaltaí Boird an CNCC fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu. Le linn na bliana ní raibh aon ghnó ag Bord an CNCC le comhlachtaí bainteach le haon cheann de Chomhaltaí an Bhoird.

15. Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe.

Níl aon imeachtaí idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo a dteastaíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

Tá maoiniú breise á leithdháileadh ar CNCC i leith 2023 chun aghaidh a thabhairt ar liostaí feithimh.

Measann an Bord, ós rud é go soláthraíonn an t-aonán seirbhís phoiblí atá maoinithe ag airgead a sholáthraíonn an Státchiste, tríd an Roinn Sláinte, go bhfuil sé iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

16. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála na ráitis airgeadais an 29 Meán Fómhair 2023.

7 AGUISÍN - ÍDIÚ FUINNIMH

7 AGUISÍN - ÍDIÚ FUINNIMH

Leag an Rialtas sprioc síos don earnáil phoiblí chun coigilteas 50% faoi 2030 agus laghdú 51% ar gháis cheaptha teasa sa tréimhse chéanna. D'fhonn an coigilteas sprioctha a bhaint amach, forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) agus in éineacht le Rialacháin 2009 na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh Úsáide Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh) tugadh sainordú maidir leis na hoibleagáidí agus spriocanna a leanas:

- ▲ Ón 1 Eanáir 2011 cuirfidh comhlachtaí na hearnála poiblí uile ráiteas san áireamh lena dtuarascálacha bliantúla lena gcuirfear síos ar na bearta atá á nglacadh acu chun an éifeachtúlacht fuinnimh dá gcuid a fheabhsú mar aon le measúnú ar an dul chun cinn dá gcuid i dtreo na sprice de 50%;
- ▲ Cuirfidh siad cláir éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireachtaí Stáit, d'Údaráis Áitiúla, don tSeirbhís Sláinte agus do réimsí uile eile na hearnála poiblí;
- ▲ Cuirfidh siad beartais soláthair i bhfeidhm atá tíosach ar fhuinneamh; agus
- ▲ Ní foláir nó go mbeidh Teastas Taispeána Fuinnimh ar taispeáint ag gach foirgneamh de chuid na hearnála poiblí atá níos mó ná 1,000m² chun an úsáid fuinnimh iarbhír a thaispeáint mar aon leis an Rátáil Fuinnimh don Fhoirgneamh.

Tá Oifig amháin ag an CNCC i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach. Tá an oifig suite ar dhá urlár i bhfoirgneamh oifige iláitithe. Níl an t-achar urláir atá léasaithe níos mó ná 1,000m² nuair a bhíonn Teastas Taispeána Fuinnimh de dhíth.

Tuairiscíonn an CNCC ar a fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de réir Ionstraim Reachtúil 426 de 2014 – Rialachán an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) agus Ionstraim Reachtúil 542/2029 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Deireadh Úsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009.

Tá an tuarascáil ar ídiú fuinnimh bunaithe ar líon na gcoibhéisí fostaithe lánaimseartha de chuid an CNCC. Glacadh leis an gcur chuige sin mar bhí athrú ar líon na bhfostaithe de chuid an CNCC i rith na tréimhse tuairiscithe.

In 2022, d'ídigh an CNCC 468,076 kWh fuinnimh, lenar áiríodh:


- ▲ 154,307 kWh (2021: 187,330 kWh) leictreachais; agus
- ▲ 313,769 kWh (2021: 354,353 kWh) breoslaí iontaise (téamh).

Laghdaigh ár n-ídiú fuinnimh agus ár leibhéal gníomhaíochta in 2022 ón leibhéal a taifeadadh in 2021 a raibh coigilteas costais fuinnimh agus comhshaoil mar thoradh air. Leanamar orainn ag cur beartais i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a laghdú trí mhúnlaí níos tíosaí ar fhuinneamh a chur in ionad trealaimh nuair is cuí agus trí bheartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a laghdú.

In 2022, tugadh isteach samhail oibre hibrideach a sholáthróidh cothromaíocht idir obair oifige agus cianobair, rud a sheachadfaidh coigilteas fuinnimh agus comhshaoil i rith na bliana.

Taispeánann Graf 1 an fheidhmíocht fuinnimh stairiúil don CNCC ag tosú ag an mbunbhliain 2009 go dtí 2030.

Graf 1: Ídiú Fuinnimh Stairiúil an CNCC





an ciste náisiúnta um cheannach cóireála
the national treatment purchase fund